Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

Tuarascáil Bhliantúil

2015

CLÁR

Réamhrá an Chathaoirligh

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

AN STRUCHÚR BAINISTÍOCHTA

TUAIRISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
Baill Chomhairle Contae Chiarraí
Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle
Tuairisc ar Chruinnithe Ceantar Bardasach
Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & na Coistí Polasaí Straitéiseach
Baill na mBord/na gCoistí
Comhdhálacha
Comhairlí Baile 2014

TUAIRISCÍ FEIDHME NA STIÚRTHÓIRÍ
Cruthú Post/Forbairat Eacnamaioch Inmharthana
Pobail Inmharthana/Cáilíocht Beatha
Oibríochtaí & Sábháilteacht
Seirbhísí Corparáideacha
Airgeadais
Seirbhísí Uisce

AN PLEAN CORPARÁIDEACH

Réamhrá an Chathaoirligh
Comh Pat McCarthy

Tá ríméad orm mar Chathaoirleach Comhairle Contae Chiarraí glacadh leis an dTuarascáil Bhliantúil seo 2015 is í a chur i láthair.

Bhí an-chuid oibre le déanamh ag Comhairle Contae Chiarraí le bliain anuas ach fós bhí sé sin spreagúil mar gheall ar athchóirirú suntasach ar an struchtúr rialtais áitiúil. Tá éifeacht anois de réir a chéile le gnéithe éagsúla an Acht um Athchóiriú Rialtais Aitiúil 2014 agus d'oibrigh bainistiú na comhairle agus na baill tofa lena chinntiú go dtarlódh na hathruithe mar ba chóir.

D'oibrigh bainistiú na comhairle agus na baill tofa go dian le linn 2105 lena chinntiú go mbeadh tacaíocht airgeadais ar fáil do na seirbhísí is tionscnaimh éagsúla agus méadaíodh ar an maoniú i gcásanna áirithe. Caithfimid cur le chéile as seo amach chun go mbeidh riar cóir le fáil do chontae ar an imeall mar Chiarraí de réir mar a thagann feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta.

Réimse mór leathan áiseanna is seirbhísí a bhíonn á soláthar ag Comhairle Contae Chiarraí agus leanaimid, mar chomhairle, de thréaniarracht chun seirbhís costéifeachtach, muiníneach leanúnach a thabhairt do mhuintir an chontae.

Mar Chathaoirleach na comhairle, molaim go mór foireann na heagraíochta – iad siúd atá in Áras an Chontae, na hoifigí Ceantar Bardasach, oifigí eile agus an fhoireann allamuigh ar fud an chontae – a bhíonn go tiomantach díograiseach ag freastal ar mhuintir Chiarraí in aghaidh an lae.

Gabhaim buíochas ó chroí leo agus leis an bPríomhfheidhmeannach, Moira Murrell, as a bheith ar aon intinn linn ar feadh na bliana 2015 i dteo aon sprioc amháin a bhaint amach – feabhas a chur ar an gcontae is ar cháilíocht beatha an phobail.

Comh Pat McCarthy
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh
Moira Murrell

Mar Phríomhfheidhmeannach Comhairle Contae Chiarraí , is deas liom tuarascáil bhliantúil an údarás áitiúil don bhliain 2015 a chur i láthair.

Ba í seo an chead bhliain iomlán do na struchtúir agus athchóirithe nua rialtais áitiúil a bheith i bhfeidhm. Cé gur rugadh isteach an córas nua an-dhifriúil le linn 2014, is i 2015 a tharla an daingniú agus an tuiscint rathúil a bhí riachtanach chun teacht isteach ar, mar shampla, na teorainneacha nua do na Ceantair Bardasach a tháinig in ionad na Toghcheantair mar a bhíodh.

I rith na bliana freisin glacadh le Plean nua Forbartha Contae don tréimhse 2015 go 2021. Polasaí lárnach is ea é sin do ghíomhartha uilig na comhairle agus leagtar síos spriocanna is cuspóirí di bhaill tofa agus bainistíocht maidir le cur le cáilíocht beatha do mhuintir Chiarraí.

Bhronn an reachtaíocht nua rialtais áitiúil i 2014 ról nua ar chomhairlí i dhá réimse – turasóireacht agus forbairt eacnamaíoch. I measc na mbearta nua bhí Coiste Forbartha Pobail Aitiúil (LCDC) a bhunú chun forbairt pobal a stiúradh. I 2015 freisin bunaíodh Aonad nua tiomanta Turasóireachta mar cheannaire ar thurasóireacht a bhrú ar aghaidh. Tá saothar nach beag ar bun don Phlean nua Áitiúil Eacnamaioch agus Pobail mar a mbeidh cuspóirí lárnacha don chomhairle sna blianta atá díreach romahinn.

Is fíor go raibh dúshlán romhainn maidir le móran seirbhísí is áiseanna de chuid Comhairle Contae Chiarraí i 2015 de dheasca cúrsai geilleagair. Is fíor, áfach, gur érirgh leis an gcomhairle na caighdeáina choimeád agus fiú iad a fheabhsú ar uairibh in aghaidh an lae.

Sa tuairisc seo tá cuntas ar ghníomhaíochtaí agus dul chun cinn sna stiúthóireachtaí difriúla de chuid Comhairle Contae Chiarraí . I 2015 chuir siad feabhsúcháin suntasach i gcrích ar bhonneagar,choimeád agus d'fheabhsaigh seirbhísí lárnacha agus thug treoir don soláthar seirbhís poiblí.

Gabhaim buíochas le mo chomhleacaithe san eagraíocht as ucht tacú liom, na Stiúrthóirí Seirbhísí agus a bhfoireann siúd maraon leis na baill tofa as a dtiomantas, tacaíocht agus comhoibriú i gcaitheamh na bliana.

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach

STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

Comhairle Contae Chiarraí
Foireann Sinsear Bainistíochta*
***(ar 31 Nollaig 2015)**

Príomhfheidhmeannach
Moira Murrell

Stiúrthóir Cruthú Post/Forbairt Eacnamaíoch Inmharthana
(Gníomhach)

Stiúrthóir Pobal Inmharthana/ Cáilíocht Beatha

John Breen

Stiúrthóir Oibríochtaí, Sláinte & Sábháilteacht

Charlie O'Sullivan

Bainisteoir Ceantar Bardasach Trá Lí

Stiúrthóir Seirbhísí Uisce

Oliver Ring

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Martin O'Donoghue
(Gníomhach)

Bainisteoir Ceantar Bardasach Ciarraí Theas & Thiar

Ceannaire Airgeadais

Angela McAllen

Bainisteoir Ceantar Bardasach Cill Airne

GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ 2015

Ballraíocht Chomhairle Contae Chiarraí 2015

Tá 33 chomhairleoir ar son ceithre Cheantar Bardasach – Cill Airne, Lios Tuathail, Ciarrai Theas & Thiar agus Tra Lí. Ag seo na cathaoirligh agus leas-chathaoirligh i 2015:

Cathaoirleach	(go Meitheamh 2015):	Comh John Brassil
	(ó Mheitheamh 2015):	Comh Pat McCarthy
Leas- Chathaoirleach	(go Meitheamh 2015):	Comh Thomas McEllistrim
	(ó Mheitheamh 2015):	Comh Jim Finucane

De réir an Acht Rialtais Aitiúil 2001, mar a leasaíodh, tionóltar toghcháin áitiúla tar éis cúig bliana. Tharla toghchain áitiúla ar an Aoine 23 Bealtaine 2014.

Baill Tofa 2015

Ceantar Bardasach Trá Lí

Comh Pa Daly, 23 Sráid na Carraige, Trá Lí, (Sinn Féin)
Comh Toiréasa Ferris, Cnocáin, Bearrúin, Ard Fearta (Sinn Féin)
Comh Jim Finucane, 6 Sráid Éadbhaird, Trá Lí (Fine Gael)
Comh Sam Locke, 81 Br na Spá, Trá Lí, (Neamhspleách
Comh Norma Foley, St. Joseph's Guest House, 2 Rae Staughton, Trá Lí (Fianna Fáil)
Comh Pat McCarthy, Maglass, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fine Gael)
Comh Thomas McEllistrim, Áthán, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fianna Fáil)
Comh Terry O'Brien, Tóin an Bháin, Trá Lí (Lucht Oibre)
Comh Graham Spring,31 Sunday's Well, Lios Luais, Trá Lí (Lucht Oibre)

Ceantar Bardasach Cill Airne

Comh Brendan Cronin, Rathcommane, Baile Uí Aichir, Cill Airne
Comh John Joe Culloty, Cnoc na Sceiche, Cill Airne (Fianna Fáil)
Comh Donal Grady, 2 Maple Drive, Cill Airne
Comh Michael Gleeson, Claisín, Cill Airne (Cónaidhm Neamhspleách Ciarraí Theas)
Comh Danny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin
Comh Niall Kelleher, Ionad Gnó Fairhill, Clós na Cúirte, Cill Airne (Fianna Fáil)
Comh Bobby O'Connell, 15 Príomh-Shráid, Oileán Chiarraí (Fine Gael)
Comh John Sheahan, An Cúil Garbh, Bóthar Thrá Lí, Cill Airne (Fine Gael)

Ceantar Bardasach Lios Tuathail

Comh Robert Beasley, 'Púicín', Bóthar an Dúna, Baile an Bhuinneánaigh (Sinn Féin)
Comh John Brassil, Siopa Poitigéara, Baile Uí Thaidhg (Fianna Fáil)
Comh Mike Kennelly, Cúl an Chláraigh, Lios Tuathail (Fine Gael)
Comh Jimmy Moloney, 11 Cherrytree Drive, Lios Tuathail (Fianna Fáil)
Comh Dianne Nolan, 47 Faiche An Dromainn, Lios Tuathail (Sinn Féin)
Comh Liam Purtill, Príomh-Shráid, Béal Átha Longfort (Fine Gael)
Comh Aoife Thornton, 47 The Meadows, Lios Tuathail (Fine Gael).

Ceantar Bardasach Ciarraí Theas & Thiar

Comh Michael Cahill, Ros Beithe, Gleann Beithe (Neamhspleách)
Comh Patrick Connor-Scarteen, 5 Príomh-Shráid, An Neidín (Fine Gael
Comh Séamus Cosaí Fitzgerald, Droichead Bán, Na Gleannta, Daingean Uí Chúis (Fine Gael)
Comh John Francis Flynn, An Tulaigh Uachtar, Cill Orglan (Fianna Fáil)
Comh Johnny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin (Neamhspleách)
Comh Dan McCarthy, Cill Chorráin Thoir, An Neidín (Neamhspleách)
Comh Norma Moriarty, Príomh-Shráid, An Coireán (Fianna Fáil)
Comh Michael O'Shea, Lána an tSéipéil, Baile an Mhuilinn (Fianna Fáil)
Comh Damien Quigg, Tulligmore, Cill Orglan (Sinn Féin)

Comhairleoirí agus Bainistíocht Chontae Chiarraí 2015

Baill na mBord/na gCoistí 2015

Coiste Iniúctha	**Cathaoirligh Coistí Polasaí Straitéiseach**
Comh. Niall Kelleher Comh. Bobby O'Connell	**Forbairt Eacnamaíoch & Fiontar** Comh. Jim Finucane **Oibríochtaí** Comh. Mike Kennelly **Turasóireacht, Cultúr, Ealaíon & Fóillíocht** Comh. Robert Beasley **Cáilíocht Beatha** Comh. Jimmy Moloney
Coiste Uisce Tuaithe	**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**
Comh. Dan McCarthy Comh. Aoife Thornton Comh. Mike Kennelly Comh. John F. Flynn	Comh. Pa Daly – Trá Lí Comh. Aoife Thornton – Lios Tuathail Comh. Norma Moriarty – Theas & Thiar Comh. Niall Kelleher – Cill Airne
Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil	**Cumann Rialtais Áitiúil in Éiirnn**
Comh. Sam Locke Comh. Norma Moriarty Comh. Jim Finucane Comh. Mike Kennelly Comh. Jimmy Moloney Comh. Toireasa Ferris	Comh. Donal Grady – Cill Airne Comh. Jimmy Moloney – Lios Tuathail Comh. Patrick Connor Scarteen – Theas & Thiar Comh. Norma Foley – Tra Lí
Fóram Turasóireachta Chiarraí	**AILG – Comhairle Polasaí Seasta**
Comh. Seamus Fitzgerald	Comh. Donal Grady Comh. Patrick Connor Scarteen Comh. Jimmy Moloney
Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí	**Fóram Réigiúnach Sláinte Theas**
Comh. Toireasa Ferris Comh. Norma Foley Comh. Norma Moriarty Comh. Diane Nolan Comh. Aoife Thornton Comh. Damian Quigg Comh. Michael Cahill Comh. Seamus Fitzgerald Comh. Terry O'Brien Comh. Jim Finucane Comh. John Brassil Comh. John Francis Flynn	Comh. Damian Quigg Comh. Danny Healy-Rae Comh. John Joe Culloty Comh. Mike Kennelly Comh. Bobby O'Connell
Coiste Teagmhála Páirc Náisiunta Chill Airne Committee	**Cumann Comhaltaí Údarás Áitiula**
Comh. John Joe Culloty	Comh. Bobby O'Connell
Fóram Sléibhte Na Cruacha Dubha	**Meitheal Drugaí Réigiún an Deiscirt**
Comh. John Sheahan	Comh. Aoife Thornton

Spórt & Fóillíocht Réigiún Trá Lí Teo.	**Comhaltaí Poiblí na hÉireann**
Comh. Thomas McEllistrim Comh. Graham Spring	Comh. Niall Kelleher
Scileanna Saoil Chiarraí Teo.	**Bord Rialaithe OÉ Corcaigh**
Comh. Sam Locke - CB Trá Lí Comh. Aoife Thornton - CB Lios Tuathail Comh. Michael O'Shea - CB Ciarraí Theas & Thiar Comh. Donal Grady - CB Cill Airne	Comh Jim. Finucane
Tionól Réigiúnach Thoir & Theas	**Cónaidhm Lucht Tráchtála Trá Lí**
Comh. Dianne Nolan Comh. Michael O'Shea Comh. Seamus Fitzgerald	Comh. Graham Spring Comh. Norma Foley
Grúpa Stiúrtha Athnuachan Mistéalaigh Bóthar Búí	**Páirtíocht Spórt & Fóillíocht Thrá Lí**
Comh. Pa Daly Comh. Toiréasa Ferris Comh. Jim Finucane Comh. Norma Foley Comh Sam Locke Comh. Pat McCarthy Comh. Thomas McEllistrim Comh. Terry O'Brien Comh. Graham Spring	Comh. Pa Daly – CB Trá Lí Comh. J.J. Culloty – CB Cill Airne Comh. Damain Quigg – CB Ciarraí Theas & Thiar Comh. Jimmy Moloney – CB Lios Tuathail
IRD Dúiche Eala	**Iompair Pobail Chiarraí**
Comh. J.J. Culloty	Comh. Niall Kelleher
Aerfort Chirraí	**Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas**
Comh. Terry O'Brien	Comh. Michael O'Shea Comh. Damian Quigg Comh Johnny Healy-Rae Comh. John F. Flynn
An Comhchoiste Póilíneachta	**Coiste Nascadh Straitéiseach Ceantar Bardasach Cill Airne**
<u>CB Trá Lí</u> Comh. Thomas McEllistrim Comh. Pat McCarthy Comh. Pa Daly Comh. Graham Spring Comh. Sam Locke **<u>CB Cill Airne</u>** Comh. Niall Kelleher Comh. J.J. Culloty Comh. John Sheahan Comh. Donal Grady Comh. Brendan Cronin **<u>CB Lios Tuathail</u>** Comh. Jimmy Moloney Comh. Mike Kennelly Comh. Dianne Nolan **<u>CB Ciarraí Theas & Thiar</u>** Comh. John F Flynn Comh. Patrick Connor-Scarteen	Comh. J.J. Culloty Comh. Danny Healy-Rae Comh. Bobby O'Connell Comh. Niall Kelleher **Bailte Slachtmhara Trá Lí** Comh. Sam Locke

Comh. Damian Quigg Comh. Michael Cahill	

Ceantair Bhardasach

Ceantar Bardasach Lios Tuathail (7)
Ceantar Bardasach Trá Lí (9)
Ceantar Bardasach Cill Airne (8)
Ceantar Bardasach Ciarraí Theas & Thiar (9)



Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle

Bíonn Cruinniú na Comhairle ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa ach amháin nach dtionóltar aon Ghnáthchruinniú mí Lúnasa. Is i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí a thagann siad le chéile. Le linn 2015 tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 16 uaire.

Tógadh na cinntí móra seo a leanas le linn 2015:

- Críochnaíodh Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015 – 2021
- Glacadh leis an dTreoir um Chiste Tacaíocht Pobail 2015
- Glacadh le Polasaí Comóradh 2016
- Glacadh le hAthrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Bhaile Trá Lí 2009 – 2015
- Glacadh le hAthrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Bhaile Chill Airne 2009 – 2015
- Glacadh leis an mBuiséad Bliantúil do 2015
- Glacadh leis an Scéim Deontas Mac Léinn 2015
- Bunaíodh an Comhchoiste Póilíneachta
- Glacadh le hAthrú Uimh 1 ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2015 – 2021.
- Glacadh le Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí 2015 – 2020.
- Glacadh leis an Straitéis Ealaíon 2016 – 2021.

Fáiltithe Cathartha/An Mhéara/Ceantair Bhardasaí 2015

Fáiltithe Cathartha 2015

- Foireann Peil na mBan Deasmhumhan Oileán Chiarraí a bhuaigh Craobh na hÉireann Meánach 2014.
- Foireann Peile Bhrosna a bhuaigh Craobh na hÉireann Sóisear AIB 2014.
- Foireann Peile Ard Fhearta a bhain Craobh na hÉireann Meánach AIB 2014.
- Foireann Sinsir Iomána Chiarraí a bhuaigh Corn Chriostóir Uí Rinn agus ardú céime go Roinn 1B sa Léig Iomána Allianz.
- Foireann Faoi 14 Sacair Chiarraí a bhuaigh Corn Uí Chinnéide 2015 .
- Luthchleasaithe Chiarraí a ghlac páirt ins na Cluichí Idirnáisiunta Leanaí 2015 in *Alkmaar*, An Ísiltír
- Breandán Ó Conaill a bhuaigh Bonn Óir ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta 2015 i Los Angeles.

Fáiltithe do Rósanna Tra Lí 2015

- Fáiltiú roimis na Rósanna Idirnáisiúnta 2015 in Ionad Bogach Bá Trá Lí
- Ionaid Rós Trá Lí 2015
- Oscailt Slí na Rósanna i bhFaiche an Bhaile, Trá Lí.

Fáiltithe Ceantair Bhardasaí 2015

- Seán Pól & Caitlín Ó Conchubhar, Ispíní Sásta a bhain gradaim amach ar son na n-ispíní.
- Ionad Cúraim Naíolann Solais, Baile an Mhuilinn a bhain Gradam Creidiúnaithe Institiúid *HighScope* na hÉireann.
- Aonad Chill Airne Cór Otharcharr Ord Mhálta in onóir 75 a chaitheamh le cúram pobail.
- Mick Finucane in onóir cur go hollmhór le spórt agus saol poiblí i gContae Chiarraí t
- Foireann Peile Faoi U14 Sheáin Mhistéalaigh a bhuaigh Cómórtas Féile na hÉireann 2014.
- Cumann Lucht Trachtála An Neidín ar éirigh leo sna Gradaim Mórtas Ceantair.
- Fáiltiú roimis Méara *Pleinfeld*
- Toscaireacht ar cuairt ó *Saint Avertin*
- Club CLG Aibhistín de Staic – bhuaigh Craobh an Chontae 2014 agus Craobh Sinsir Peile na Mumhan i 2015.
- Club *Athletic* Chill Airne in onóir 50 caite tiomanta don spórt a chur cun cinn.
- Scoil rince Berní Ní Shuilleabháin, An Neidín as gaiscí a bhaint amach sna Craobhacha Eorpach agus Domhanda WIDA.
- Foirne Sóisir agus Meánach ón Scoil Idirmheánach, Cill Orglan a bhuaigh gradaim i gCraobh Náisiúnta Mac Léinn ag Oifigí Fiontar Áitiúil.
- Coiste Bailte Slachtmhara Lios Tuathail a bhain Gradam don Bhaile Beag is fearr sa Chomórtas Baite Slachtmhara 2015.
- Grupa Gníomh Sóisialta An Ráth Mhór in onóir 40 bliain a chaitheamh ag freastal ar an bpobal.
- Club Galf Na Dumhcha a bhuaigh Craobh na hÉireann Ceathrach Measctha 2015.

Tuairisc ar Chruinnithe Ceantair Bhardasaí 2015

Ceantar Bardasach	**Cathaoirleach**	**Bainisteoir**	**Líon Cruinnithe**
Cilla Airne	Comh. J.J. Culloty/ Comh. B. O'Connell	John Breen/ Angela McAllen	11
Lios Tuathail	Comh. M. Kennelly/ Comh. J. Moloney	John D. Flynn/ Joan McCarthy	9
Ciarraí Theas & Thiar	Comh. M. O'Shea/ Comh. P. Connor-Scarteen	John D. Flynn/ Martin O'Donoghue	10
Trá Lí	Comh. J. Finucane/ Comh. T. McEllistrim (Méara Trá Lí)	Charlie O'Sullivan	10

Comhdhálacha ag a raibh Baill Tofa i 2015

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Comhdháil Fermeoirí Deiríocht Dearfach 2015	Cluain Meala, Co Thiobraid Árann	1
Seimineár Straitéis Rialtais Foirgníochta 2020	Loch Garman	2
Oiliúint AILG Rialachas Údarás Áitiúla	Cill Airne	8
Cruinniú leis an Aire Cumarsáide um LNG na Sionainne	Baile Átha Cliath	6
Seimineár Turasóireacht Inmharthnana	Gaillimh	6
Cruinniú i mBrú Columbanus	Corcaigh	1
Clár Náisiúnta AILG Ócáidí Comórtha Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 2016	Baile Átha Cliath	1
Seimineár Pleanáil Pobail	Baile Átha Cliath	1
Oíche Chiarraí	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Bhliantúil AILG 2015	Carraig Mhachaire Rois, Co Mhuineacháin	11
Seimineár Earraigh LAMA 2015	Tuaim, Co. na Gaillimhe	19
Seimineár Pleanáil Náisiúnta 2015	Corcaigh	7
Oiliúint AILG Forbairt Eacnamaíoch Áitúil	Luimneach	11
Gradaim Tionscal Turasóireacht na hÉireann 2015	Baile Átha Cliath	1
89^{u} Ollchruinniú Bliantúil Comhlachtaí Poibli na hÉireann	Baile Átha Cliath	1
Fóram Turasóireachta	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint AILG Forbairt Pobail Áitúil & LCDC	Cill Chainnigh	10
Seimineár Coisctheacht Coiriúlacht agus Sábháilteacht Pobail	Gaillimh	3
Searmanas Bliantúil Dhomhnaill Uí Chonaill 2015	Reilig Glas Naíon, Baile Átha Cliath	1
Oiliúint Inseirbhíse AILG	Portlaoise	1
Comhdháil Tacaíocht AE do Réigiúin an hÉireann	Cloch na Coillte, Co Chorcaí	2
Cruinniú leis an NRA	Baile Átha Cliath	8

Oiliúint AILG Airgeadas & Tithíocht Údarás Áitiúla	Dún Garbhán, Co Phort Láirge	14
Oiliúint AILG Airgeadas & Tithíocht Údarás Áitiúla	Áth Luain, Co Ros Comáin	5
Comhdháil LECP	Cloch na Coillte, Co Chorcaí	1
Searmanas Lá Náisiunta Comórtha	Baile Átha Cliath	1
Clár Náisiúnta AILG Clár Ócáidí Comórtha Céad Bliain Údarás Áitiúla	Baile Átha Cliath	1
Seisiúin Eolais LCDC Iúil 2015	Luimneach	2
Seisiúin Eolais LCDC Iúil 2015	Baile Átha Cliath	1
Tacaíocht Réigiúnach Pobal don LCDC	Luimneach	1
Seimineár Athruithe ar Fhorbairt Pobail	Gaillimh	2
Searmanas Diarmuid Ó Donnabháin Rossa	Reilig Glas Naíon, Baile Átha Cliath	1
Bronnadh Gradam Bailte Slachtmhara	Baile Átha Cliath	2
Seisiún Eolas agus Cumas Fiontar agus Leathanbhanda - LEADER	An Tulach Mhór, Co Uíbh Fhaili	1
Díospóireacht Tithíochta – Saothar Comhtháite ar son an Phobal a Thógaint	Má Nuad, Co Chill Dara	1
Ócáid in onóir cothrom 66 bliain bunú Daonphoblacht na Síne	Baile Átha Cliath	1
Seimineár an Fhómhair AILG	Cloch na Coillte, Co Chorcaí	18
Seimineár an Fhómhair LAMA 2015	Cill Chainnigh	21
Seoladh Pleananna Contae Éire 2016	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Meitheal Drúgaí agus Alcól Réigiún an Deiscirt	Ráth Luirc, Co Chorcaí	1
Oiliúint AILG Bóithre, Iompar & Sábhailteacht	Corcaigh	8
Crunniú leis an Aire Stáit Simon Harris	Baile Átha Cliath	7
Treoir Praiticiúil do Bhuiséad 2016	Cloch na Coillte, Co Chorcaí	1

Oiliúint AILG Dabhcha Múnlaigh, Screamhuisce, Truailliú Uisce & An tAcht Clárú Stocaireachta 2014	Béal Átha Slua, Co na Gaillimhe	1
Gradaim Scoth Seirbhísí Innealltóirí Éireann	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint AILG Dabhcha Múnlaigh, Screamhuisce, Truailliú Uisce & An tAcht Clárú Stocaireachta 2014	Inis, Co an Chláir	9
Oiliúint AILG Dabhcha Múnlaigh, Screamhuisce, Truailliú Uisce & An tAcht Clárú Stocaireachta 2014	Baile Átha Cliath	3
Seimineár An tAcht Athbhunú Uirbeach agus Tithiochta 2015	Gaillimh	5
Seimineár Polasaí Comhshaoil – Deiseanna do Phobail Áitiúla	Ceatharlach	3

Ócáidí thar sáile ag a raibh Baill Tofa i 2015

Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Athchaidreamh Cill Airne-Londain	Londain	1
Dinnéar Bliantúil Cumann Chiarraí i Londain agus Rince Carthanacht Áras Naomh Iósaf	Londain	1
Nascadh Bailte Cill Airne - *Kendall* RA	*Kendal, Cumbria*, An Ríocht Aontaithe	1
Roghnú Rós Londain 2015	Londain	1
Cuairt ar SAM 2015	Nua Eabhrach	1
Nascadh Bailte *Panissières* na Fraince	*Panissières* na Fraince	1

Íocaíochtaí le Comhairleoirí i 2015

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €69,978 i 2015 ar son láithreachtaí ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag Comhdháil, Seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Mar seo a leanas na sonraí:

Liúntais Taistil agus Cothaithe anso in Éirinn	**Liúntais Taistil agus Cothaithe thar sáile**
€66,687	€3,291

Ar an iomlan i 2015 íocadh €26, 595 le lucht eagraithe ar son freastal ceadaithe na mball tofa ag comhdhálacha, seimineáir, oiliúint nó cruinnithe eile.

Íocaíochtaí eile le Comhairleoirí le linn 2015:

Liúntas	**Iomlán íoctha**
Liúntas an Chathaoirligh	€30,000
Liúntas an Leas-Chathaoirligh	€5,869
Méara Tra Lí & Cathaoirligh Ceantar Bardasach Cill Airne, Lios Tuathail agus Ciarraí Theas & Thiar	€30,000
Liúntas Cathaoirleach an Choiste Polasaí Straitéiseach	€24,000
Liúntas Fón Póca	€1,996
Liúntas Bliantúil	€215,980
Íocaíochtaí Ionadaíochta	€546,645
Aiscí/Íocaíochtaí *Ex-gratia*	€15,505

Féile Chultúrtha *Zhejiang* 2015

Le tamall de bhlianta ta Comhairle Contae Chiarraí ag bunú ceangal le Cúige *Zhejiang* na Síne. Ar son an ghaol a fhorbairt eagraíodh Féile Chultúrtha mí Iúil 2015.

Tháinig Leas-Ghobharnór an Chúige, An tUas. Jiwei Zheng agus Ambasadóir na Síne in Éirinn, An tUas. Jianguo Xu go Tra Lí ar an Satharn 25 Iúil 2015 chun an féile a oscailt go hoifigiúil.

Bhí taispeántas dar teideal 'Taispeántas Athdhearadh *Zhejiang*' i Músaem Chontae Chiarraí agus bhí ceolchoirm traidisiúnta Síneach ag an *Butterfly Troupe* i Siamsa Tíre. Ceolfhoireann traidisiúnta Síneach is ea an *Butterfly Troupe* agus ceangail acu le *Zhejiang Opera* agus an Téatar Rince is Drámaíocht.

Tuairisc ón Stiúrthóir Cruthú Post & Forbairt Eacnamaíoch Inmharthana

Stiúrthóir Seirbhísí: Michael McMahon/Michael Scannell (Gníomhach)

Foireann Sinsearach:

Oifig Fiontar Áitiúil Chiarraí:
Tomás Hayes (Ceannaire LEO)

Aonad Forbairt Turasóireacht & Bonneagar Ailtireachta
Joan McCarthy (Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin)

Aonad Bonneagar Caipitiúil
Tom Sheehy (Innealtóir Sinsearach)

Aonad Pleanála & Forbairt Inmharthana
Paul Stack (Innealtóir Sinsearach)

Oifig Dearadh Bóithre Náisiúnta Chiarraí
Paul Curry (Innealtóir Sinsearach)

Oifig Fiontar Áitiúil Chiarraí

D'éirigh go han-mhaith le Oifig Fiontar Áitiúil Chiarraí i 2015. Bhí an chuid ba mhó den trasnú agus breith le chéile san Údarás Áitiúil déanta faoi dheireadh a bliana. Mí na Nollag tosaíodh ar athchóiriu laistigh den bPríomh-Áras Contae.

Gaiscí Tábhachtacha 2015

- Bhí cúig cruinniú ag an gCoiste Ceadú & Measúnú i 2015.
- Ceadaíodh maoiniú €536,125 do 39 tionscnamh agus i bprionsabal trí cinn eile ar luach €42,500. áa bharr san tá mianach 73 post lánaimseartha agus 17 páirtaimseartha laistigh de dhá bhliain agus breis fostaíocht arís ina dhiaidh sin.
- Ar an iomlán íocadh €279,394 le tionscnaimh cheadaithe agus faoi dheireadh na bliana bhí an Oifig Fiontar Áitúil tar éis glacadh le tionscnamh ar luach €351,380.
- Ar an iomlán caitheadh €274,380 ar thacaíochtaí oiliúna is comhairle agus d'fhreastail breis is 1,087 duine ar chláir oiliúna agus seimineáir.
- Caitheadh €71,867 arís ar Chomórtas Fiontróir Óg na hÉireann agus chuir breis is 70 tionscnamh isteach aiar.
- Ceadaíodh 75 gnó don Scéim Dearbhan Trádáil ar Líne (TOV) agus caitheadh €78,636 air sin.
- Iasachtaí Micrea-Airgeadais – cabhraíodh le 20 cliant gnó ag cur isteach ar iasachtaí ó Mhicrea-Airgeadas Éireann.
- Gradam Fiontar Mac Léinn – ghlac 21 scoil páirt sa Ghradam Fiontar Mac Léinn trínar bunaíodh breis is 60 mion-ghnólachtaí.
- Mí Fiontar Chiarraí ab ea mí na Márta 2015 i gcomhpháirt lenár gcomhleacaithe in ITT, EI agus Comhlachtaí Fiontar áitiúla.
- Bhí dlúthbhaint ag an LEO le Fóram Bia Corcaigh Ciarraí agus Lá Náisiúnta Fiontar na mBan.
- Tacaíodh ar bhonn leanúnach le Gréasán Bia na Ríochta, Gréasán Ceardaíochta Chiarraí Bunúil agus Gréasán Mná Gnó Chiarraí.
- Maoiniú Tuarasóireacht Talmhaíochta CEDRA – sheol LEO agus an Roinn Turasóireachta iarratas ar cómhaoiniú le "Blas Chiarraí" chuig An Roinn Talmhaíochta agus furathas maoiniú breise €54,900 ar son gníomhaíochtaí éagsúla.
- Leanann an LEO den chomhoibriú go dlúth leis an nGréasán Ionad Nuála a chuimsíonn Nuáil Teicneolaíocht Chiarraí, Iomad Gnó Thomáis Ó Criain agus Mol Bia Chiarraí.

An tAonad Turasóireachta

Forbairt Tionscnamh:

Ceann Scríbe Chiarraí
Bhí an Chomhairle an-ghníomhach ag plé le Fóram Turasóireachta Ceanna Scríbe Chiarraí i rith na bliana 2015. Scáth-eagraíocht is ea an Fóram do na príomh-pháirtithe leasmhara idir phobail, príobháideach agus poiblí sa chontae agus is é An tUas. Brendan Tuohy an cathaoirleach. I rith na bliana bhíothas ag obair ar Straitéis Turasóireachta Chontae Chiarraí 2016-2021 a ullmhú.

Tearmann Idirnáisiúnta Spéir Dhorcha Chiarraí
Tá Tearmann Idirnáisiúnta Spéir Dhorcha Chiarraí thart ar 700 Cmc agus cuimsítear Na Cealla/Faill Móir, Cathair Saidhbhín, An Caladh, Oileán Dairbhre, An Dromaid, An Gleann, Baile an Sceilg, An Coireán agus Doire Fhionáin/Cathair Dónall. Bhí an Chomhairle ag saothrú le pobail áitiúla, ACARD, Fáilte Éireann, Údarás na

Gaeltachta, Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chiarraí chun straitéis Astraturasóireacht a fhorbairt don réigiún. Go háirithe, ardaíodh comharthaíocht agus bronnadh monatóir spéire ar an meánscoil áitiúil, Coláiste na Sceilge. Tá an Chomhairlae ag plé go dlúth le ACARD maidir le plaineadlann a bhunú i gCathair Saidhbhín.

Slí an Atlantaigh Fhiáin (WAW)
Tá pleananna á mbrú ar aghaidh le Fáilte Éireann maidir le dhá láthair aitheantais fhéachana a fhorbairt do Sceilg Mhichíl agus Na Blascaodaí chomh maith le roinnt Pointí Taiscéalaithe ar fud sciar Chiarraí, sin é an stráice is faide ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. I rith 2015, d'oibrigh an Chomhairle i dteannta Áisínteachtaí eile Stáit agus Netfeasa (Comhlacht TE i gCiarraí) ar thionscnamh píolótach chun eolas cuí a thabhairt do thurasóirí trí *WiFi* ar láithreacha le roghnú ar fud an chontae.

<u>Ócáidí tacaithe ag an Aonad Turasóireachta:</u>

An Comhcheangal Eitlíochta Ceangal
Tháinig breis is 400 toscaire ó aerlinte idirnáisiúnta go dtí an comhdháil seo i gCill Airne mí an Mheithimh 2015. Tionóladh é seo chun Aerfort Chiarraí a thaispeáint le súil go meallfaí seirbhísí nua agus turais chairte go Ciarraí.

Turasóireacht Phobail, Féilte agus Ócáidí
Thacaigh Comhairle Contae Chiarraí le thart ar 50 féile agus ócáid m.sh. Rós Trá Lí, Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail, Mná san Meáin, An Nollaig i gCill Airne agus mórán imeachtaí eile idir bheag is mór, ócáidí pobail, gníomhaíochtaí agus spóirt mar mharatóin, dúshláin rothaíochta agus triatlóin.

Turasóireacht Pobail don Diaspóra
Ba í 2015 an dara bliain don Tionscadal Turasóireacht Pobail don Diaspóra. Dhein Comhairle Contae Chiarraí measunu ar na 55 iarratas a fuarthas. Laistigh de théarmaí na Scéime, bhí an Chomhairle in ann maoiniú iomlán €36,000 a cheadu do 40 ócáid. Tháinig breis is 2,500 cuairteoir thar sáile chucu.

Ciarraí Bunúil
Leantar de thacaíocht a thabhairt do Chiarraí Bunúil, an scáth-eagraíocht margaíochta do lucht ceardaíochta sa chontae. Go háirthe, forbraíodh slí ceardaíochta agus ardaíodh comharthaíocht phíolótach go luath mi na Samhna 2015.

Blas Chiarraí
D'oibrigh an tAonad Turasóireachta go dlúth le LEO chun maoiniú CEDRA a fháil don bhforbairt ar thurasóireacht bia sa chontae. Ar na tionscnaimh i gceist tá comharthaíocht agus bróisiúir eolais do scéim phíolótach 'Turas Bia Blas Chiarraí' do Chiarraí Theas.

Slite Siúlóide
I 2015 riar an tAonad Turasóireachta deontais agus árachas do na slite siúlóide seo a leanas: Slí Bhéarra, Slí Chiarraí Thuaidh, Slí Daingean Uí Chúis agus Slí Chiarraí.

Na Meáin agus Margaíocht:
Le linn 2015, bunaíodh suímh sna meáin sóisialta i.e. *Facebook, Twitter*, (lucht leanúna 2,059) agus *Instagram* faoin lipéad *#Enjoy Kerry*. Cuirtear leis na suímh in aghaidh an lae agus féachann breis is 2,000 duine orthu. Foilsíodh 'Leabhrán Ríocht Chiarraí' ag Fochoiste Margaíochta fóram Ceann Scríbe Chiarraí.

Foilsímid Féilire Ócáidí in aghaidh na míosa chun eolas a scaipeadh ar aon imeachtaí tábhachtacha pobail, spóirt, siamsaíochta nó oideachais a bheidh ar bun sa chontae. Bailítear is cuirfear an t-eolas le chéile laistigh den Aonad agus bíonn cóip cruaidh ar fáil chomh maith le leagan ar líne.

Tacaíodh leo siúd i measc lucht trádála a bhí páirteach san Aonach Taistil *Holiday World* agus le Puball Turasóireachta Chiarraí ag an gCraobh Náisiunta Treafa. Lena linn sin bhí an tAonad Turasóireachta in ann ábhar suirbhé sonraí turasóireachta faoi Chontae Chiarraí a chur le chéile ó bhreis is 390 duine a ghlac páirt sa tsuirbhé.

Gaiscí:
Bhuaigh Comhairle Contae Chiarraí an Gradam Nuála don Údaras Áitiúil is fearr ag na Gradaim bunaithe Tionscal na Turasóireachta 2015 a fógraiodh i mBaile Átha Cliath mí Aibreáin. Bronntar an gradam ar an údarás áitiúil is fearr a léiríonn feabhas i bpleanáil agus feidhmiú turasóireachta, áiseanna agus seirbhísí, maragaíocht, forbairt ócáidí agus bainistíocht – tógtar ceann de thionscadail trasteorann is féiltí agus don mhéid a dheintear ar an iomlán ar son an tionscal áitiúl turasóireachta.

<u>Bonneagar Ailtireachta</u>

Bogach Bá Tra Lí:
Mhéadaigh i mbliana ar an dtarraingt a bhí ar Dhomhan Iontas an Gheimhridh sa Bhogach. Díríodh go príomha ar mheánscoileanna an chontae toisc go mbíonn daltaí na hIdirbhliana ag déanamh staidéar ar chúrsaí comhshaoil mar chuid den Chlár. Tá falla dreaptha den scoth, mulláin dreaptha agus clós nuálach do pháisti beaga agus bionn an-tóir ar fad orthu siúd i 2015. Fuarthas maoiniú €58,000 agus d'íoc Comhairle Contae Chiarraí an chuid eile.

Bhain Bogach Bá Trá Lí gradam airgid sa chatagóir 'Muirí nó Comhshaol' ag na Gradaim bunaithe Turasóireacht Fhreagarthach in Éirinn mí Márta 2015 agus gradam eile mí Deireadh Fómhair, cuid den gClár Fáilte Ghlas (GHP) ag an eagraíocht chéanna a aithníonn agus a cheiliúrann Gnólachtaí Taistil agus Turasóireachta a bhíonn tiomanta do chleachtais fhreagarthach i gcúrsai gnó agus don tionchar comhshaoil a laghdú.

Ionad Bogach Bá Trá Lí

Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin
Críochnaíodh an t-athchóiriú agus péinteáil ar Mhuileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin i 2015.

Músaem Chontae Chiarraí
Bronnadh Teastas Feabhais de chuid *Trip Advisor* ar Mhúsaem Chontae Chiarraí agus choimeád an léirmheas cúig réaltaí a bhí cheana acu.

Ionad Spórt agus Fóillíochta Chill Airne
Mhéadaigh ar an mballraíocht ó 2014, rud a bhain leis an Scéim Praghas Ballraíochta a rugadh isteach i rith na bliana. B'shin an chéad uair a tharla athbhreithniú ó osclaíodh an ionad. Bhain an tionad caighdeán óir sna Gradaim Caighdeáin Náisiúnta Brat Bán mí na Samhna 2014. Grádaíonn an córas úd na caighdeáin, go dírach mar an gradam Brat Gorm, agus is mór an tóir atá ar an acaláid chéanna sa tionscal fóillíochta.

Port agus Muiríne Chuan An Fhianait
Ag seo achoimre ar fhorbairt ar Phort agus Muiríne Chuan An Fhianait i rith na bliana:

- Leagadh an foirgneamh *Old Sea World* agus tosaíodh ar Aonad nua Tógála do *Liebherr Container Cranes* Teo.
- Tugadh léas 99 bliana do Chumann Iascach Oisrí Trá Lí Teo. agus tosaíodh ar aonad nua don stóras is próiseáil.
- Bronnadh ceadúnais Dumpáil Farraige agus Imeall Trá chun go bhfeadfaí dreidireacht a dhéanamh ar na cuislí isteach agus taobh leis an leaba loinge.
- Tosaíodh ar dheisiúcháin ar an dTeach Solais tar éis gur deineadh damaoiste dó le linn stoirmeacha mí Feabhra 2014.

Pleanáil agus Forbairt

Rialú Pleanála
Toradh ar fheabhas éigin a bheith ar an ngeilleagar is ea an méadú beag gníomhaíochta sa rialú pleanála agus thart ar 1,176 iarratas pleanála ar an iomlán faighte i 2015. Is é an dála céanna é ag údaráis aitiúla eile ar fud na tíre agus b'fhéidir anois nach bhfeicfear a thuilleadh laghdú mar a tharlaíodh sna cúrsaí céanna le blianta anuas. Toisc cúinsí nua de bharr Alt 28 den Acht (Leasú) um Phleanáil agus Forbairt 2010, tháinig méadú ar an líon iarratas a fhaightear ar shíneadh ama a chur le cead pleanála. Pléadh le thart ar 73 iarratas dá leithéid i 2015.

Pleanáil ar Aghaidh
Tharla an méid seo a leanas le linn 2015:

- Cuireadh tús le Scéim nua Ranníocaíochtaí Forbartha de réir treoir náisiúnta.
- Ullmhaíodh Coimre Deartha do roinnt Suímh Deiseanna a aithníodh sna Pleananna glactha Ceantar Áitúla agus leanfar den obair seo i 2016.
- Ullmhaíodh na hAthruithe ar an bPlean Forbartha Contae 2015-21 agus na Pleananna Forbartha Baile Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail 2009-15.
- Dhein an tAonad Comhshaoil athbhreithniú ar phleananna is ar thionscnaimh na Comhairle mar SEA (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil), HDA (Measúnú Treoir Gnáthóg) agus SFRA (Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte) agus measadh iarratais phleanála.
- D'aithin an tAonad Forbairt Eacnamaioch roinnt suíomh deiseanna/tionsclaíochta a bhféafai a fhorbairt amach anseo. Phléigh an EDU leis an LEO agus LCDC ar thonscnaimh éagsúla. D'éirigh leis an EDU maoiniú a fháil don Suiomh *Denny* faoin Scéim Deontas Ionaid Ainmnitrhe Uirbeach.

An Oifig Caomhnaithe
Tá an tOifigeach Caomhnaithe freagrach as comhairle teicniúil agus treoir maidir leis an oidhreacht ailtireachta a chaomhnú. Is é an rol lárnach ná oidhreacht shaibhir ailtireachta a chaomhnú is í a bheith inmharthana sa todhchaí. Tá 1,255 struchtúr cosanta sa Chontae maraon le mórán oidhreacht dúchasach ata ríthabhachtach ó thaobh turasóireacht, tírdhreach, geilleagar áitiúil agus mórtas ceantar de.

Gaiscí Tábhachtacha i 2015:

- Riaradh go sásúil an Ciste Struchtúir i mBaol agus dáileadh €35,000 a chuir bac ar dhíobháil an-mhór do struchtúr cosanta in An Caladh
- Foilsíodh agus seoladh *The Home Place: An Inventory of Traditional Rural Architecture in North and East Kerry*
- Críochnaíodh 57 dearbhú (um struchtúir chosanta) le linn 2015, beagnach a thrí oiread ar líon 2014.
- Cuireadh comhairle caomhnaithe maidir le struchtúir chosanta d'iarratais phleanála, forbairt laistigh de Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta agus measúnú ar threascairt mholta ó thaobh tionchar ar oidhreacht ailtireacht an Chontae de.
- Deineadh moltaí faoi struchtúir chosanta lena gcosaint in aghaidh tréigin.
- Comhairle caomhnaithe d'fhorbairt Údaráis Áitiúla i gcás moltaí Cuid 8.
- Cabhhraíodh le grúpaí pobail áitiúla chun Foireann Uirlisí Caomhnú Ailtireachta a fhoilsiú do Phríomh-Shráid An Neidín, seoladh é sin mí na Nollag 2015.
- Comhairle réamh-phleanála d'fhorbróirí struchtúir oidhreacht ailtireachta agus ailtireacht dúchasacha faoi mhianach forbartha agus treoir deartha.

An Oifig Oidhreachta
Oibríonn oifig Oidhreachta Chiarraí chun feasacht, suim agus mortas a chothú sna buanna líonmhara oidhreacht atá sa chontae. Bíonn ról tábhachtach acu ag cur comhairle maidir le tionchar dócha ag forbairtí molta agus oibrítear go dlúth le páirtithe éagsula chun a chinntiú go gcosnaítear is go bhfeabhsaítear oidhreacht iontach an Chontae ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.

Cuireadh Cúnamh Teicniúil ar fáil mar a leanas i 2015:

- Bailte Stairiúla i gcomhar le Fáilte Éireann, An Chomhairle Oidhreachta agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta
- Fáilte Éireann: Tionscadal An tSlí Atlantaigh Fhiáin
- Forbairt Raonta Oidhreachta – uirbeach agus tuaithe
- Tionscadail Turasóireacht Oidhreachta le NEKD, SKDP
- Béaloideas Chiarraí agus Grúpaí eile Béaloidis
- Tionscadail Bailte Slachtmhara
- Scéim Oidhreacht sna Scoileanna
- Polasaí a Dhréachtadh agus Ócaidi a Phleanáil don Deichniúr Comórtha
- Iniúchadh Díobháil Stoirme ag an Seirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
- Iontaobhas Fia-Dhúlra na hÉireann
- *Birdwatch Ireland*
- Tionscnamh Cartlann Cill Orglan
- Ócáidí Chumann Béaloideas agus Staire Cill Orglan
- Tionscnamh Oidhreacht Ailtireachta ag Cumann Treafa Mainistir Ó dTorna
- Cumann Forbartha Tairbeart
- Cumann Oidhreachta Bá Trá Lír
- Sceideal Daingean Uí Chúis/Corca Dhuibhne
- Grupa Pobail An Ribhéar
- Tionscnamh feasacht agus suirbhé Chiarraí ar an nGlúineach Bhiorach
- Músaem Chontae Chiarraí
- Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh
- Tionscnamh Oideachas Domhanda Chiarraí
- Iarratais Phleanála

Tá Roinn Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

- Tionchar Seandálaíochta a Mheas/Monatóireacht/Trialacha Tochailte
- Reiligí
- Pleanáil & Polasaí
- Seandálaíocht an chontae a thaifeadadh agus a chaomhnú

Tochailt le déanaí ar thuama ursanach i gCoill an Chlocháin, Baile an Mhuilinn

Gaiscí Tábhachtacha i 2015

- Críochnaíodh naoi Measúnú Tionchar Seandálaíochta
- Tharla monatóireacht seandálaíochta ar thrí thionscnamh
- Tharla tástáil seandálaíochta ar thionscnamh amháin
- Tharla tochailt seandálaíochta ar thionscnamh amháin
- Cheadaigh an tAire iarartais ar dhá thionscnamh
- Deineadh moltaí maidir le 336 iarratas pleanála is measúnu tuairiscí faighte ina dhiaidh sin maraon le breis trácht againn de réir gá
- Cúnamh do ghrúpaí pobail áitiúla: plean agus eolas in airde i reilig Ministir Ó dTorna; saothar glantachán agus suirbhé ar ionad luatheaglasta Cill Buaine; suirbhé geofisiceach i dtreo atógaint dún Chathair Saidhbhín sa bhfadtéarma; caomhnú agus tochailt ar thuama ursanach i gCoill an Chlocháin, Baile an Mhuilinn, an struchtúr reilige is seanda sa chontae agus fianaise gur tharla lonnaíocht i gceantar Bhaile an Mhuilinn tart ar 4,000BC.
- Cruthaíodh suíomh nuálach oideachais a mhínigh an tochailt i gCoill an Chlocháin do scoláirí bunscoile is meánscoile, san áireamh tá téacs, grianghrafanna, gneithe closamharc agus físeáin.
- Léacht mar chuid d'Éigse na Brídeoige, Baile an Sceilg
- Láithriú Seimineár Cumhacht na Réaltaí, Cathair Saidhbhín
- Plé le cruinnithe agus coistí éagsúla maidir le seandálaíocht agus oidhreacht mar chuid den Straitéis Turasóireachta

An tAonad Bonneagar Caipitiúil

Tá an tAonad Bonneagar Caipitiúil freagrach as tionscnaimh bonneagar Comhairle Contae Chiarraí a dhearadh, a phleanáil is a fhorbairt i gcomhar le agus ar son ranna eile na Comhairle. Cuimsítear Oifigí Dearadh Caipitiúil Tithíochta is Athbhunú Cheantar an Mhistéalaigh agus an Roinn Bainistíochta. Cabhraítear freisin sa roinn leis an gClár Calaí agus Cuanta is le tionscnaimh turasóireachta, san áireamh tá Slite Glasa agus áiseanna rothaíochta ar fud an chontae.

Le linn 2015, chuaigh an tOrdú Ceannaigh Éiginntigh (CPO)agus próiseas pleanála chun cinn do **Slí Glas Chiarraí Theas**. Táthar ag roghnú na dturas agus leanfar den dtionscnamh a chríochnú le inn 2016.

Slí Glas Chiarraí Theas

Chuaigh an **Tionscnamh Taisteal Gníomhach Trá Lí** tríd an chéad chéim dearadh i dtreo tús a chur leis an obair i 2016. Tá trí phríomhghné ann, an trácht sa dá threo ar Shráid Deiní agus raonta rothar, an spás poiblí ar An Meal a fheabhsú agus raon rothar a chruthú ón Institiúid Teicneolaíochta go Cathair Uí Mhóráin.

Críochnaíodh an **Slí Siúlóide Sráid na Carraige go Sraid Édbhaird** agus osclaíodh don phobal í mí na Nollag 2015. Seo cuid den straitéis leathan a dhíríonn ar imeacht ó bheith ag brath ar fheithiclí mótair trí ghréasán comhtháite rothaíochta a chruthú mar nasc idir na hionaid daonra agus lár an bhaile.

An Roinn Fuinnimh

Deineann an Roinn Fuinnimh san Aonad Bonneagar Caipitiúil tionscnaimh um chaomhnú fuinnimh, cinntíonn margadh maith i gcás fearas (m.sh. soilsiú agus teas, caidéil agus mótair leictreacha) agus cuireann úsáid teicneolaíocht fuinnimh inmharthana chun cinn. Tá an Roinn Fuinnimh freagrach freisin as tairiscint ar sholáthar leictreachais don Údarás Áitiúil (LA) agus as sonraí bliantúla um chaitheamh fuinnimh a thabhairt go dtí Údarás Fuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (SEA) faoi reir 426 de 2014.

Léargas ar Úsáid Fuinnimh

Ar an iomlán chaith Comhairle Contae Chiarraí €3,088,356 ar fhuinneamh i 2015. Ar na foinsí eile fuinnimh inathnuaite a d'úsáid an Chomhairle i 2015 bhí fuinneamh grianda, PV grianda, millíní is slisíní adhmaid. Úsáidtear anois caidéal teasa agus teicneolaíocht CHP leis in áitribh na Comhairle chun an méid fuinnimh a chaitear a laghdú. I 2015, chuir CCC sonraí bliantúla caitheamh fuinnimh le chéile don bhliain a bhí caite, ba é 42.6GWh an t-iomlán i 2014 idir leictreachas (26,871MWh), teirmeach (4,015 MWh) agus iompar (11,757MWh).

Gnímh déanta i 2015

Chuaigh Comhairle Contae Chiarraí go mór chun cinn le blianta beaga anuas maidir le caomhnú fuinnimh. Úsáidtear millíní agus slisíní adhmaid teirmach gréine, fótavoltach, caidéil teasa, coirí agus soilsiú ardfheidhmeach agus cleachtais bainistiú fuinnimh chun cur le feidhmiú fuinnimh agus costais a laghdú. Ar na gaiscí sa réimse seo i 2015 bhí:

- Mar chuid de scéim feabhsú fuinnimh an RCPRÁ, cuireadh feabhas ar thart ar 400 tigh ÚÁ mar theasdíonadh fallaí cuas agus lochta.
- Táthar faoi láthair ag tógaint seacht tigh nua ÚÁ agus feidhmiú BER A3 acu go léir. Tá cúig cinn i gCeantar an Mhistéalaigh agus ceanglófar iad siúd leis an bhfearas téite ceantar i dTobar Naofa a oibríonn ar shlisíní adhmaid.
- Ceanglófar na tithe nua ar fad i gCeantar Athnuachan an Mhistéalaigh leis an bhfearas téite ceantar slisíní. Tá Comhairle Contae Chiarraí páirteach i dtionscnamh Fuinneamh Cliste na hEorpa ar a dtugtar *SmartReflex* a dhíríonn ar úsáid fuinnimh inathnuaite i gcórias cheantair i gcathracha agus bailte na hEorpa. Tá teacht ag an gComhairle ar speisialtóir um chórais téite ceantair ón Danmhairg. Táthar ag déanamh measúnú ar éifeachtúlacht an choire bhithmheasa agus ag ceartú is ag leasú an chórais seo againne dá réir.
- Cheadaigh Foireann Sinsearach Bainistíochta Comhairle Contae Chiarraí Plean uasdátaithe um Bhainistiú Funnimh atá oiriúnach don Struchtúr nua Údaráis Áitiúla agus tá tiomantas bainistíochta anois againn ag tacú le Córas Bainistiú Fuinnimh deimhnithe ISO 50001 don eagraíocht.
- Bhailigh an Roinn Fuinnimh sonraí um chaitheamh fuinnimh don bhliain 2014 maidir le hoibríochtaí CCC agus sheol chuig an SEAI de réir IR 426 de 2014.
- Gineadh 2.18 GWh leictreachas ar luach €45,709 ó Ghás LíonadhTalún ag Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh i 2015. Laghdaíodh an t-ualach ar an gComhairle a bhain leis an gcothabháil ar bhonneagar bladhma is bailithe.
- Críochnaíodh an próiseas tairisceana chun leictreachas a sholáthar do shuímh gan mhéadar tríd an gCóras Náisiúnta Fála mí Deireadh Fómhair 2015

Oifig Dearadh Bóithre Náisiúnta Chiarraí

Críochnú Scéimeanna
Réitíodh cuntas deiridh an scéim Seachród N21 Oileán Chiarraí agus N22 N69 Seachród Trá Lí tar éis dhul trí phróiseas eadrána agus réitigh leis an gconraitheoir.

Cead Pleanáil Scéimeanna
Go luath i 2015 lorg An Taisce Fiosrúchán Dlíthiúil faoi chinneadh An Bord Pleanála i 2014 an N86 Daingean Uí Chúis go hAbhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí An Com a cheadú agus an CPO a dhearbhú. Bhí moill mhór ar an scéim dá dheasca san. Mí na Nollag 2015, dhíbhigh An Chúirt Trachtála achomharc An Taisce agus bhíothas in ann an scéim a bhrú ar aghaidh.

An bóthar N86

Pleanáil agus Forbairt Scéimeanna
Ullmhaíodh na doiciméid CPO/EIS do Sheachród N69 Lios Tuathail agus seoladh an Cás Gnó chuig Bonneagar Iompir Éireann (TII) agus an RITAS.

Tharla tuilleadh obair dhearadh agus imscrúdaithe ar an Scéim N70 Cora Cill Doire (fad 3.5km) idir Baile an Mhuilinn agus Cill Orglan. Ullmhaíodh an doiciméadú i 2015 agus foilsíodh é go luath i 2016.

Tharla pleanáil d'oibreacha molta athailínithe ar chodanna den N70 idir Caisleán na Mainge agus Baile an Mhuilinn, ag Droichead Gleann Beithe, idir Droichead An Coireán agus An Baile Breac agus idir An tSnaidhm agus Droichead na Doinne.

Oibríodh ar athailíniú ar an N72 ag Stagmount (idir Barra Dubh agus An Ráth Mhór) a phleanáil is a fhorbairt.

I gcás an scéim N86 Daingean Uí Chúis go hAbhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí An Com, cuireadh tús le pleanáil don chéad chéim B (idir Baile na Saor agus Lios Póil, idir Baile Ghearóid agus An Com) nuair a ullmhaíodh an cáipéisí Tairisceana agus deineadh imscrúdú ar an suíomh. Meastar go bhfeadfai tús a chur le tógaint i lár na bliana 2016.

Scéimeanna á dTógaint
Críochnaíodh an dearadh deiridh do 1.6Cm mar oibreacha athailínithe ar an N71 idir Roilíoch agus Leitir Dúnáin. Ceannaíodh an talamh agus fuarthas ceadú ón NRA, rud a lig dúinn tosnú ar an dtógáil go luath i 2015. Táthar ag súil leis an scéim a oscailt R3 2016.

Gaiscí Tábhachtacha 2015

Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta:

- Réitíodh na cuntais deiridh don scéim Seachród N21 Oileán Chiarraí agus N22 N69 Seachród Trá Lí.
- Toradh sásúil ar an bhFiosrúchán Dlíthiúil faoin N86 a Iorg An Taisce
- Doiciméadú ullamh agus réidh le foilsiú don Scéim N70 Cora Cill Doire
- Bhronn Innealtóirí Éireann athchreidiúnú CPD go 2018 ar NRDO Chiarraí.

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail/Cáilíocht Beatha

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

<u>Foireann Sinsearach:</u>

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta
Kathleen Moriarty (L/Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin)

Seirbhísí Pobail & Teagmháil
Michael Scannell (Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin)

Cosaint Comhshaoil
Liam Quinlan (Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin)

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí
Michael Hession (Príomhoifigeach Dóiteáin)

Tithíocht agus Tacaíocht Shóisialta

Leargas ar Thíthíocht

I rith 2015 mhéadaigh ar éileamh is ar sholáthar sa réimse Tithíocht agus Tacaíocht Shóisialta. Tá breis is 3,957 aonad tithíochta anois againn mar stoc mar a léirítear anso thíos agus obair mhór is ea an méid sin a bhainstiú is a chothabháil. I rith na bliana 2015 fuarthas 4,311 iarratas ar fad agus freagraíodh do riachtanais 96% acu faoi dheireadh na bliana. Ag seo rangú na n-iarratas thar na ceithre Cheantar Bardasacha:

Ceantar Bardasach	% Stoc Iomlán Tithíochta	% Iarratas ar Chothabháil Tithíochta
Theas & Thiar	25%	24%
Cill Airne	17%	22%
Lios Tuathail	23%	18%
Trá Lí	35%	36%
Iomlán	100%	100%

Ag deireadh na bliana bhí 5,073 teaghlach mar iarrthóirí cáilithe ar an liosta. Is daoine aonair iad an t-aicme is mó (50%), ina dhiaidh sin tá duine fásta ag a bhfuil ar a laghad leanbh amháin (22%) agus beirt duine fásta idir tuismitheoirí agus eile is ea an fuílleach 30%.

- Roghnaigh 29% de na hiarrthóirí Limistéar i CB Cill Airne
- Roghnaigh 18% de na hiarrthóirí Limistéar i CB Theas & Thiar
- Roghnaigh 44% de na hiarrthóirí Limistéar i CB Trá Lí
- Roghnaigh 9% de na hiarrthóirí Limistéar i CB Lios Tuathail

Maidir le próifíl aois na bpríomhiarrthóirí bíonn a bhformhór san aoisghrúpa 25-40 (50%) agus bíonn 7% os cionn 60 bliain. Sin patrún rialta le tamall de bhlianta anuas.

Maidir le gníomhaíocht, fuarthas 688 iarratas nua i 2015. Ba í seo an chéad bhliain dar cuireadh seirbhís chomtháite tithíochta ar bhonn contae ar fáil i gCiarraí.

Freagraítear anois go minic don ghá le tithíocht shóisialta trí shocruithe éagsúla léasa idir Comhairle Contae Chiarraí agus tiarnaí príobháideacha talún toisc laghdú a bheith ar mhaoiniú caipitiúil ón státchiste. Seo an rogha anois go príomha do theaghlaigh nach mbíonn ábalta tithíocht a sholáthar as a stuaim féin.

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta tacaíochtaí pobail agus forbartha maraon le seirbhísí bainistíochta a chabhraíonn le cách lonnú go sásúil i measc an phobail. Le bliain anuas tharla an-chaidreamh le lucht iasachtaí údarás áitiúla lena mbaineann an Próiseas Fuascailt Riaráistí Morgáistí.

Dáileadh Tithíochta
I 2015 dháil an Chomhairle ar an iomlán 146 tigh as a stoc féin.

An Clár Tithíochta 2015 - 2017
Go luath i 2015, ceadaíodh pacáiste infheistíochta €62m chun Tithíocht Shóisilta a sholáthar i gCiarraí go ceann deireadh na bliana 2017. Tá maoiniú caipitiúil agus reatha a chlúdaíonn forbairt scéimeanna caipitiúla ag an údaras áitúil féin, tithe a cheannach, áitribh a fháil trí na sceimeanna RAS agus léasa maraon le soláthar ó na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Ar an iomlán beidh 1,058 aonad tithíochta sa chlár is iad á soláthar trí na modhanna éagsúla a luaitear anso thuas go ceann trí bliana.

An Clár Ceannach Tithíochta
Cheannaigh an Chomhairle 35 tigh faoi dheireadh mí na Nollag 2015 mar chuid den gClár Ceannach agus Fála Tithíochta 2015 – 2017, sharaigh se sin an sprioc 30 tigh a bhí againn do 2015. Roinntear iad ar na Ceantair Bhardasach mar a leanas: 10 gcinn i dTrá Lí, 9 i gCill Airne, 6 i Theas agus Thiar agus 10 i Lios Tuathail. Tá sprioc againn don bhliain 2016 ar 40 tigh agus leantar de thithe a chuardach ar fud an chontae.

Clár Folús
I 2015, maoiníodh oibríocha ar 126 thigh trín gClár Folús agus an Cúlchiste RAS. Is í aidhm an chláir ná áitribh fholmha a aischóiriú d'iarrthóirí cáilithe ar an liosta againn. Ar an gcuma san éascaíodh 126 áitreabh fholmha a aischóiriú is iad anois éifeachtach ó thaobh feidhmiú fuinnimh de agus oiriúnach le ligean arís d'iarrthóirí cáilithe.

Bearta Feidhmiú Fuinnimh
I 2015 arís dhírigh Comhairle Contae Chiarraí ar aischóiriú teasdíonadh agus bearta eile feidhmiú fuinnimh ar sheanstoc údarás áitiúla trí mhaoniú ón Roinn Comhshaol, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is mór an buntáiste é sin dár dtionóntaithe ó théamh teas agus fuinnimh de sa bhaile.

Dhein an Chomhairle a leithéid d'oibreacha feidhmiú fuinnimh faoin gClár úd i 2015 ar 351 tigh ar fud na ceithre Cheantar Bhardasach, febhsaíodh an díon, na fallaí agus teasdíonadh cuais sna tithe Comhairle sin. Ar an iomlán caitheadh €457,892 maoiniú RCPRÁ. Roinntear na tithe ar na Ceantair mar a leanas:

- Theas & Thiar - 96
- Cill Airne - 121
- Lios Tuathail - 65
- Trá Lí - 69

Deontais Tithíochta
I 2015, bhronn an Chomhairle 396 deontais iomlan €2.09m. Fuarthas 436 iarratas i 2015, sin ráta ceadaithe 90%. Roinntear na 396 Deontas mar a leanas:

- Deontais Cúnamh Gluaiseachta - 161 ar chostas €0.660m
- Cúnamh Tithíochta do Lucht Scothaosta - 142 ar chostas €0.389m
- Deontais Cur in Oiriúint - 93 ar chostas €1.042m

Tá córas um thús áite ar bun mar nach féidir freagairt don éileamh ar fad leis an suim airgead a bhíonn againn. Ar an iomlán baintear an-leas as an scéim trí fheabhas a chur ar dhálaí cónaithe lucht míchumais agus scothaosta chomh maith le pacáistí spreagtha a thabhairt do lucht áitiúil gnó agus ceirde.

An Sceim um Cóiriocht ar Cíos(RAS)/Leas Sóisialta
Bhí rath ar oibriú an Scéim RAS i 2015 agus díríodh orthu siúd atá cáilithe is ag fáil forlíonadh cíosa ar bhonn fadtéarmach. Ba é 260 aonad an sprioc faoin RAS agus Leas Sóisialta agus bronnadh 261. Tá breis is 900 conradh gníomhach RAS againn agus iad ag feagairt do ghéargá móran daoine a bhfuil tithíocht uathu. Leantar de thithe a chuardach don scéim léas ar fud an chontae.

Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Lucht Míchumais 2011-2016
I 2014 bunaíodh Grupa Stiúrtha Tithíocht agus Míchumas do Chontae Chiarrai de réir an Straitéis Náisiúnta Tithíocht do lucht Míchumas 2011 - 2016. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa freagairt ar bhonn tráthúil agus comhtháite do riachtnais tithíochta éinne atá faoi mhíchumas fisiciúil, meabhrach, intinne nó ceadfaíoch trí na heagraíochctaí idir reachtúil is deonachaa bhíonn ag plé leo i gCiarraí. Le linn 2015 ullmhaíodh Plean Oibre Stratéiseach agus scála ama lena chríochnú. Cuirfear é sin chun cinn leis na páirtithe leasmhara le linn 2016.

Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil
Le linn 2015 dhírigh an clár um chóiríocht don lucht siúil ar na háiseanna ar láithreacha stadaireacht a fheabhsú. Níos déanaí amach sa bhlain cuireadh tús le feabhsúcháin ar shábháilteacht dóiteáin mar gheall ar an dtragóid uafásach nuair a cailleadh daoine ar láthair dá leithéid i gCarraig Mhaighin i mBaile Átha Cliath. Seoladh iarratais i rith na bliana chuig an roinn ar bhreis aonaiad chóiríochta ar chuid dár láithreacha stadaireachta.

Clár um Athlonnú Teifeach
D'iarr an Roinn Dlí agus Cirt orainn i 2015 plé leis an gClár um Athlonnú Teifeach trína mbeirtear teifigh isteach sa tír agus deintear iad a athlonnú i measc an phobail. Chuige sin bhunaigh an chomhairle meitheal idiráisínteachta agus an stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta mar cheann air. Gníomh an-chasta is ea an t-athlonnú agus bíonn gá le tréaniarracht ó gach éinne atá ag baint leis. Faoi dheireadh na bliana bhí 10 teaghlach ag cur fúthu i gCiarraí, dhá cheann i gCill Airne agus ocht i dTrá Lí. Cláraíodh na leanaí in aois scoile agus iad go léir anois ag freastal ar scoil.

Tithíocht Dheonach
Le bliain anuas bhíothas ag saothrú le Comhlachtaí Tithíocht Dheonach agus deimhníodh 40 aonad tithíochta d'iarrthóiri cáilithe trí na Comhlachtaí Deonacha, sé cinn i gCill Airne, seacht ar An Neidín agus sé cinn i nDaingean Uí Chúis. Tá cuid díobh siúd á ndáileadh againn faoi láthair.

Oibreacha um Thithe Comhairle a Chur in Oiriúint
Deineadh saothar ar 35 áitreabh mar seomra folctha a chur in oiriúint, ardaitheoirí staighre, rampaí 7rl. i 2015 ar chostas iomlán €152,014. Bua mór is ea an maoiniú úd a ligeann do thionóntaithe fanúint ina dtithe féin ach cúpla rud a chur in oiriúint dóibh.

Seirbhís do Dhaoine gan Dídean
Leanann an Chomhairle de chúnamh a thabhairt do dhaoine gan dídean maidir le cóiríocht trín Ionad Eolais gan Dídean agus trí réimse eile cóiríocht a chur ar fáil. I 2015 tháinig 691 duine ag lorg dídin. Tar éis iad a mheasúnú cuireadh cóir ar 149 acu trín Ionad Eolais do Dhaoine gan Dídean.

Seirbhísí Pobail agus Teangmháil

Gaiscí Tábhachtacha 2015:

Bhí naoi gcruinniú ag an **gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil** (**LCDC)** i 2015. Táid freagrach as an gClár Imeascadh Sóisialta agus Gníomhú Pobail (SICAP) agus an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER 2014-2020) sa chontae a chuaigh go mór chun cinn i rith na bliana. Díríodh freisin ar ghaol a chothú idir bhallraíocht ihmheánach an LCDC agus áisinteachtaí eile go háirithe na comhlachtaí forbartha pobail áitiúil.

- Leanadh de na gnéithe pobail a ullmhú don bplean sé bliana **Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail (LECP),** Próifil Socheacnamaíoch, Spriocanna Ardleibhéil maraon le cuspóirí agus gnímh a bhainfear amach go ceann tréimhse an phlean.
- Bunaíodh an PPN – Gréasán Páirtíocht Phoiblí (a tháinig i gcomharba ar an bhFóram Pobail & Deonach) i 2015. Athchláraíodh na grúpaí pobail mí Bealtaine 2015 agus ag seo leagan amach an PPN:
- Leibhéal Bardasach – Bunaíodh PPN Ceantar Bardasach i ngach ceann de na ceithre cheantar bardasach
- Leibhéal Contae – Bunaíodh Comhlacht Lánchumhachta Contae mar chomhlacht rialaiathe ar an PPN.

Cuid lárnach de shaothar an LCDC is ea **An Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (LEADER)**. Chuathas go mór chun cinn ar struchtúir a aontú do LEADER, ullmhaíodh na Léirithe Spéise don LCDC mar Ghrúpa Gníomhú Pobail don Chontae agus Straitéis Forbartha Áitúil (LDS). Táthar ag súil le tús a chur leis an soláthar i 2016.

Mí Aibreáin thosaigh soláthar céimneach ar an **gClár Imeascadh Sóisialta agus Gníomhú Pobail (SICAP),** príomhchlár an Rialtais do na cúrsaí úd don tréimhse 2015-2017. Tar éis próiseas tairisceana, bronnadh conarthai ar Ghníomhairí Cláir sna trí cinn de Bhearta Chiarraí (buiséad iomlán €1.22m). Mar údarás conartha beidh an LCDC freagrach as monatóireacht agus measúnú ar an gclár go praiticiúil.

Mórtas Ceantair:
I gcomhar le Rúnaíocht an PPN d'ainmnigh Comhairle Contae Chiarraí trí thionscnamh mar ionadaiathe Chiarraí sna Gradaim Náisiúnta Mórtas Ceantair 2015:

- Catagóir Tionscadal Daoine Óga sa Phobail – KDYS (Seirbhís Óige Deoise Chiarraí0
- Catagóir Tionscadal Sláinte Pobail – Tionscnamh Forbartha Sláinte & Pobail Lucht Siúil Chiarraí
- Catagóir Bailte os cionn 2,000 daonra – Baile Lios Tuathail

Bhain dreamanna Chiarraí dhá dhuais mhóra. Bhuaigh Baile Lios Tuathail duais tánaisteah sa chatagóir bailte os cionn 2, 000 daonra. Bronnadh Gradam Speisialta ar Tionscnamh Forbartha Sláinte & Pobail Lucht Siúil Chiarraí.

Mórtas Ceantair 2015

Comhchoiste Póilíneachta Chiarraí
Fóram is ea JPC Chiarraí don údarás áitiúil, An Garda Síochána, baill an Oireachtais agus páirtithe leasmhara pobail ag plé le chéile, ag dul i gcomhairle agus ag moladh bearta faoi phóilíneacht an cheantair. Forbraíodh plean sé bliana a dhíríonn ar cheisteanna don JPC a théann i bhfeidhm go mór ar an gContae.

Comhairle na nÓg
Fóram is ea Comhairle na nÓg chun struchtúr a thabhairt do chinntí a thógann daoine óga agus leanaí maidir le forbairt seirbhísí agus polasaithe áitiúla. Faightear tacaíocht ó na heagraíochtaí cuí idir reachtúil agus deonach sa chontae. Toghadh na hionadaithe ag Ollchruinniú Bliantúil Chomhairle na nÓg mí Deireadh Fómhair 2015. Glacadh le 65 ball nua agus beifear páirteach i gceithre cinn d'fhochoistí a tiocfaidh le cheile sna ceithre Cheantar Bardasach.

Ciste Tacaíocht Pobail
Rugadh isteach an Ciste Tacaíocht Pobail i 2015, trí chinneadh déanta ag an gComhairle Tofa, mar bheart solúbtha chun maoiniú a bhronnadh ar phobail a mbíonn sé tuillte acu. Ar an iomlán caitheadh €750,000 ar 316 tionscnaimh is iad roinnte ar na Ceantair Bhardasach mar a leanas:

Cill Airne	€259,000	(60 tionscnamh)
Lios Tuathail	€118,000	(64 tionscnamh)
Theas & Thiar	€120,000	(123 tionscnamh)
Trá Lí	€253,000	(69 tionscnamh)

Comhar Spórt agus Áineasa Chiarraí (KRSP)

Príomhghaiscí le linn 2015:

- Ceardlanna Cosanta: oiliúint a mhúineann deachleachtas do cheannairí spóirt maidir le leas rannpháirtithe a chosaint; Cosaint 2 – Ceardlanna d'Oifigigh Leanaí – ligtear d'Oifigigh Leanaí Clubanna fócas a dhíríonn ar an leanbh a bhunú laiastigh den chlub.
- Oiliúint Garchabhrach Spóirt; dhá cheardlann agus 40 páirteach iontu
- Oiliúint do Cheannairí Gníomhaíocht Fhisiciúil (PALS); cúrsa amháin – ghlac 25 duine fásta páirt ann
- Clár Rothaíocht Shábhailte Chiarraí; 11 scoil – ghlac 348 scoláire sa chontae ar fad páirt ann.

Cláir Gníomhaíocht Fhisiciúil
- Snámh do Chách, clár ocht seachtaine do leanaí agus daoine óga fásta atá faoi mhíchumas – ghlac 45 duine páirt ann i 2015.

- Rugbaí Leaiste *Xcessible*, clár ocht seachtaine a dhíríonn ar leanaí atá faoi mhíchumas meabhrach – ghlac 34 duine páirt ann i 2015

Ócáidí do Shluaite Móra

- Shiúil breis is 1, 000 duine sa tSiúlóid Náisiúnta *Operation Transformation*
- Seachtain Náisiúnta Rothar – ghlac breis is 300 duine pairt i ndá ócáid Troitheáin sa Pháirc agus dhein 42 duine ceardlann um chothabháil rothair
- Rith sa Pháirc: clár idirnáisiúnta don rith 5Cm saor in aisce maidin Sathairn i bpáirceanna áiitúla. Le linn 2015 bunaíodh dhá rith sa pháirc – Trá Lí agus Cill Airne is méadaítear ar an dtinreamh in aghaidh na seachtaine.

An Oifig Ealaíon

I 2015 bhronn an Oifig Ealaíon deontais ar fud an chontae fain Acht Ealaíon 2003 chun:

- Suim an phobail a chothú sna healaíona
- Eolas agus meas ar na healaíona a chur chun cinn
- Caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú

Bronnadh €27,540 idir 53 iarratas ar fud an chontae. Ag seo an tacaíocht do dhaoine aonair agus grúpaí:

- €7,000 faoin scéim Ealaíontóirí sa Scoil
- €7,000 mar sparántachtaí aonair
- €68,800 idir sé ghrúpa ar fud an chontae faoi Rannaíochtaí d'eagraíochtaí deonacha chun tacú le cláir is le forbairt ealaíona, díriú ar le lucht féachana a bhreith isteach agus ardán a thabhairt d'ealaiontóirí do chleachtóirí ealaíne

I gclár oibre 2015 (€52,000) bhí na tionscadail seo a leanas de chuid an Oifig Ealaíon trí mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon:

- Clár Scríbhneoirí Cónaithe
- Ealaíon don Aois Bhríomhar
- Clár Rinceoir Cónaithe
- Rinceoir Cónaithe Pobail
- Clár Scannánóir Cóna

Oíche Chultúrtha 2015

Thacaigh Comhairle Contae Chiarraí agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta le 34 ócáid ar fud an chontae. Díríonn an clár ar thacú le healaíontóirí, cleachtóirí ealaíne agus lucht éisteachta chomh maith le forbart foirmeacha ealaíne. www.culturekerry.com

Páirtíocht Oideachas Ceoil Chiarraí
Leantar den bhforbairt páirtíochta leis an bpríomhpháirtí Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus na páirtithe tacaíochta an Institiúid Teicneolaíochta, Teicneolaiochct agus Ealaion na Gaeltachta. Tá Tionscadal Comhairle freisin d'Amhránaithe Scríbhneoirí Amhrán, tagann cómhaoiniú ón gComhairle Ealaion ar son Páirtíocht Oideachas Ceoil Chiarraí.

Raon Ceoil Sliabh Luachra
Seo tionscnamh Turasóreacht Ealaíon i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí - www.sliabhluachra.ie Mí Márta bhronn Cathaoirleach Comhairle Contae Chiarraí, Comh Pat McCarathy, an Gradam Ceoltóir Óg Sliabh Luachra na Bliana 2015 ar Bhrian Ó Laoghaire.

Coimisiún Scaileán Chiarraí
Tá Coimisiún Scáileán Chiarraí Ionnaithe san Oifig Ealaíon is iad ag obair go dlúth le Bord Scannán na hÉireann. Pléadh le móran iarratais ar scannáin telefíse, tráchtála agus faisnéise le linn 2015. Ba é *Star Wars: The Force Awakens* an scannán ba mhó clú a ndeineadh cuid de i gCiarraí. Ag seo an seoladh idirlín do Choimisiún Scáileán Chiarraí www.kerryfilm.ie

Comóradh 1916
Ó mhí na Samhna 2014 i leith, bhí an Oifig Ealaion mar ionad oifigiúil do Chiarraí 2016 Office, ag forbaiart polasaí agus cláir do Chomóradh Chiarraí 1916. Eagraíodh naoi gcruinniú poiblí ar fud an chontae agus maoirsíodh Ciste Comórtha 2016 Comhairle Contae Chiarraí, fuarthas tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta. Bronnadh gradaim ar breis is 66 eagraíocht sa chontae a d'eagraigh ócáidí comóradh ar 1916.

Seoladh Clár Comórtha Chiarraí 1916/2016

Leabharlanna Chiarraí

Tá naoi mbrainse lánaimseartha ag Leabharlann Chiarraí sa chontae – Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Chiarraí, Daingean Uí Chúis, An Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí. Bíonn dhá Leabharlann Taistil agus roinn stair áitiuil is cartlann ag oibriú ón gCeannáras Leabharlainne.

Tá ráchairt an-mhór fós ar na leabharlanna cé go raibh laghdú beag ar an bhfigiúr deiridh (2,260 leabhar nó 0.3% faoi bhun 2014). I 2015 tugadh 645,273 airteagal ar iasacht. Is é Trá Lí an brainse is gnóthaí mar ar tugadh 155,573 airteagal ar iasacht is mhéadaigh ar an éileamh ar bhrainse Bhaile an Bhiunneánaigh faoi 6%.

I 2015 tugadh 464,450 cuairt aonair ar Leabharlanna Chiarraí, méadú 6.64% ar 2014. Le linn 2015, tharla comhairliúchán leathan don Phlean nua Forbartha Leabharlainne 2016 – 2021 agus ghlac Comhairle Contae Chiarraí leis sin mí na Samhna 2015. Beidh sé sin mar threoir ag an seirbhís go ceann na sé bliana atá romhainn. Díreofar ar leanúint de na seirbhísí lárnacha atá againn agus ar sheirbhísí nua oiriúnacha a bhreith isteach don bpobal ar fad.

Seoladh suíomh idirlín nua leabharlainne www.kerrylibrary.ie Ba iad an fhoireann Leabharlainne agus Roinn TE Comhairle Contae Chiarraí a d'fhorbair an suíomh. Tá teacht ar chatalóg na leabharlainne ceithre huair a chloig fichid, feadfar leabhair a iarraidh agus a athnuachan, tá teacht ar mórán acmhainní mar nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, teangacha is ceol ar líne, an *World Book* agus *Encyclopaedia Britannica*.

Le linn 2015, úsáideadh na hacmhainní ar líne 93,485 uaire, meadú 41% ar 2014. Rugadh isteach an tseirbhís ríomhaireachta chun freastal ar an iliomad Clubanna Leabhair atá sa chontae. Ceannaíodh stoc nua agus clóbhuaileadh catalóg. Chuaigh an digitiú ar na nuachtáin Chiarraí atá againn chun cinn. Anois tá na nuachtáin go leir ón 19ú haois agus cuid éiign den 20ú haois ar fáil ar líne in aon bhrainse sa chontae.

Seirbhísí eile

Reiligí
Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as na 153 reilig atá faoina gcúram nó ar leo féin iad a stiúradh agus a chothabháil. Is suímh seandálaíochta iad 92 reilig sa chontae agus ar ndóigh cosnaítear iad siúd faoin Acht um Shéadchomharthaí, san áireamh tá reiligí a bhíodh faoi chúram na gComhairlí Baile go dtí seo. Tugann an Chomhairle maoiniú do suas le 50 coiste pobail a bhíonn ag cothabháil is ag cur slacht ar reiligí. Bunaítear an maoiniú ar Chláir oibre a sheoltar isteach lena gceadú ag an Roinn Pobail. Tá feabhas an-mhór ar reiligí áirithe an Chontae dá bharr san agus táimid go mór faoi chomaoin ag lucht a dhéanta.

Gaiscí Tábhachtacha i 2015:

- Críochnaíodh an síneadh le Reilig Oileán na Mainistreach, Doire Fhionáin i 2015 agus ta an lathair in úsáid.
- Críochnaíodh Cuid 8 den phróiseas pleanála um shínte le Reilig An Tóchar is le Seanreilig Cill Chuimín maraon le Reilig nua Leic Snámha i 2015 le súil iad go léir a thógaint le linn 2016.
- Dhein an Chomhairle uasghrádú suntasach ar roinnt reiligí mar chuid den gClár leanúnach Feabhsúchán. Soláthraíodh cosáin agus pliontaí leac thuama, feabhsaíodh slite isteach, geataí, fallaí, draenáil 7rl. Tharla oibreacha caipitiúla i 2014 ar Reiligí Cill Atha, Cill Mhaoile, An Neidín, Naomh Eoin Oileán Chiarraí, Reilig Nua Chill Airne agus Ard Muiníl, Cill Orglan Leanfar dá leithéid arís i 2016.

Leithris Phoiblí
Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as na 33 láthair ar fud an chontae agus san áireamh tá na cinn a bhíodh á n-oibriú ag an Comhairlí Baile.

Bíonn socruithe éagsúla oibríochta maidir leo seo. Is grupaí pobail a thugann aire do seacht gcinn mar atá Baile an Bhuinneánaigh, An Caladh, An tSnaidhm, An Coireán, Na Cealla agus Baile an Ridire. Tá an Chomhairle go mór faoi chomaoin ag lucht na ngrúpaí seo.

Cosaint Comhshaoil

Lean an Roinn Cosaint Comhshaoil dá ról tábhachtach ag cur leis an gcáil atá orainn mar thimpeallacht gléghlan cónaithe is cuairtíochta, rud atá ríthábhachtach ó thaobh ról an turasóireachta de sa gheileagar seo againne.

Athchúrsáil Dramhaíola
I 2015 bhí áiseanna athchúrsála ag ceithre chinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCill Airne, Baile an Mhuilinn, An Neidín, Cathair Saidhhín agus ag Ionad Athchúrsála and Dramhaíola Chorca Dhuibhne i Lios Póil chomh maith le han-chuid ionad beir chuige don ghloine, cruach agus do channaí alúmanaim ar fud an chontae:

- Glacadh le 5,319 tonna ábhar athchúrsála ag na hionaid úd agus an gréasán beir chuige i 2015.
- Tá 98 ionad Beir Chuige sa chontae. Ba iad foireann Chomhairle Contae Chiarraí a bhí ina bhfeighil agus freisin bhí 32 Grúpa pobail páirteach sa Scéim Is linn an tIonad Beir Chuige.

Dramhaíl a chur de Láimh
Fágadh 5,028 tonna fuílleach dramhaíola ag ár n-áiseanna dramhaíola le linn 2015 lena mbailiú ag tríu páirtí a roghnaíodh faoi phróiseas fála iomaíoch don aisghabháil agus cur de láimh.

Níor ghlac Comhairle Contae Chiarraí le dramhaíl ag suíomh Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh ó mhí Iúil 2014. Tá feidhm fós le ceadúnas dramhaíola an EPA go ceann trí bliana de réir Alt 49 den Acht um Bhainistiú Dramahíola agus d'fheadfaí síneadh a chur leis dá mba ghá. Táthar ag smaoineamh ar mhianach gníomhaíochtaí eile a bhainfeadh an leas is fearr as an dtalamh mar fhoinse ioncam don údarás chun tacú le costais leanúnach bainistíochta. Deineadh cleachtadh margaíochta ar an suíomh iomlán i 2015, san áireamh bhí an stráice gan forbairt mar a bhfuil 26 acra agus tá painéal measúnaithe ann chun aighneachtaí a mheas.

Rialachán Comhshaoil

Monatóireacht agus Forfheidhmiú Rialacháin Bhruscair, Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Gleo
Fuarthas 141 gearán faoi thruailliú uisce i 2015. Leanadh den bhforfheidhmiú agus feidhmiú an dá Phlean um Bhainistriú Abhantrach, Ceantar an Iardheiscirt agus na Sionainne (glacadh leo faoi Threoir Creat Uisce an AE) bunaithe ar na tosaiochtaí luaite iontu.

Níor tharla aon mhóreachtra truailliú ola i 2015.

Fiosraíodh 44 tuairisc i 2015 faoi na hachtanna um Thruailiú Aeir. Ag seo anailís ar thruailliú a tuairiscíodh le linn 2015:

Saghas Truailliú sa Tuairisc	Líon
Truailliú Bruscair	787
Truailliú Gleo	17
Truailliú Uisce	141
Truailliú Aeir	44
Iomlán	989

Plean Cigireacht Náisiúnta Córas Cóireála Fuíollusce Tí Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cigireacht ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí sa Chontae faoi Phlean Cigireacht Náisiúnta an EPA. Tharla 67 dá leithéid de chigireachtaí le linn 2015 de réir na gcritéir roghnaithe a leagadh síos ag an RCPRÁ.

Plean Bainistiú Dramhaíola Réigiún an Deiscirt 2015-2021
Seoladh an Plean Bainistiú Dramhaíola Réigiún an Deiscirt 2015-2021 mí Bealtaine 2015. Ghlac Comhairle Contae Chiarraí leis maraon leis na naoi n-údarás áitiúla eile de chuid réigiún an deiscirt. Leagtar síos córas chun dramhaíl a bhainistiú ar bhonn sábháilte géilliúlach, trí straitéis soiléir de réir polasaithe agus gníomhaíochtaí. Beidh ról lárnach ag na húdaráis go léir agus tacaíocht acu ón Oifig Bainistiú Dramhaíola Réigiún an Deiscirt.

Údaráis Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola
I dtreo deireadh na bliana 2015 chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Railtais Áitúil in iúl gur bunaíodh Údaráis Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola don na trí cinn de Réigiúin Bainistiú Dramhaíola sa tír. Is í Comhairle Contae Chorcaí an Ceannúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt mar a bhfuil Ciarraí. Beidh na Ceannúdarás nua Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) freagrach as forfheidhmiú a chomhordú sa réigiún, tosaíochtaí agus cuspóirí comónta a bhunú agus leanúnachas a chinntiú thar na trí cinn de réigiúin um phleanáil bainistiú dramhaíola atá anois ann.

Bunaíodh na húdaráis réigiunach chun athrú a éascú ón bhforfheidhmiú a bhraitheadh ar phróisis agus struchtúir rialacháin go dtí leagan amach a dhíreoidh ar na ceisteanna móra dramhaíola atá anois ann i dtreo gníomhú mar is cóir go tapaidh éifeachtach in am tráth.

Gníomhaíochtaí Feasachta um Bhruscar is Bainistiú Dramhaíola
Maidir le feasacht comhshaoil leanadh de chlár gníomhaíochtaí a chuireann an pobal ar an eolas faoi dheachleachtais a raghaidh i bhfeidhm ar bhailiú dramhaíola, bruscar, caomhnú uisce agus dramhaíl bia.

- Is linn an Bóthar seo – naoi ngrúpa deonacha páirteach
- Is linn an tIonad Beir Chuige – 32 ghrúpa deonacha páirteach
- Feachtas Glantachán Earraigh – 298 grúpa deonacha páirteach sa bhfeachtas i 2015 agus bailíodh 81.82 tonna bruscair le linn na tréimhse glantacháin
- Clár Scoileanna Glasa 2015 – 159 scoil páirteach sa Chlár i 2015 agus Brat Glas don bhfeabhas comhshaoil anois faoi dheireadh 2015 ag 130 scoil.

Tránna Brat Gorm
D'éirigh go breá linn anso i 2015 agus 13 Brat Gorm anois againn. Ag seo a leanas na tránna ag a bhfuil stádas Brat Gorm: Baile an Sceilg, An Fhianait, Baile an Bhuinneánaigh Theas & Thuaidh, Inse, Na Cealla, Baile Uí Thaidhg, An Machaire Beag, Trá na Beannaí, Doire Fhionáin, Ceann Trá, An Trá Bán (Cathair Saidhbhín). D'éirigh le Ros Beithe an Brat Gorm a fháil ar ais tar éis é a chailliúint anuraidh de dheasca damáiste déanta ag stoirmeacha na bliana 2014. Críochnaíodh na hoibreacha ar an dtrá in am don séasúr snámha.

Torthaí Uisce Snámha 2015
Rangaíodh na 15 ceantar snámh sa Chontae a chuimsíonn na Bratacha Gorma mar "ar fheabhas" de réir an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil. Is fiú a lua go bhfuil na caighdeáin nua a rugadh isteach i 2014 a dhá oiread níos déine ná mar a bhíodh agus is gaisce an méid sin a bhaint amach. Luiagh an EPA ina dtuairisc don bhliain 2015 go raibh ardchaighdeán uisce snámha ar fud tránna Chiarraí. Le linn séasúr snámha 2015 (a ainmnítear mar an tréimhse idir 1 Meitheamh agus 15 Meán Fómhair), don angu seo tógadh 252 sampla lena measúnu do na paraméadair mhicribitheolaíoch agus fisicheimiceach i Saotharlann Chomhairle Contae Chiarraí. Ina dhiaidh sin seoladh an tuairisc chuig an EPA.

An tSaotharlann
Is é ról na saotharlainne ná monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce inólta, aibhneacha, lochanna, snámha, diúscairt fuíolluisce agus diúscairt tionsclaíoch ceadaithe sa chontae. Bhronn Bord Náisiúnta Creidiúnú na hÉireann (INAB) an creidiúnú ISO 17025 ar an saotharlann mí na Nollag 2015, ar son anailís mhicribitheolaíoch agus ceimiceach. Aitheantas foirmiúil is ea an creidiúnú úd ar sheirbhís ardchaighdeáin ag Comhairle Contae Chiarraí a ghéilleann do riachtanais reachtúla agus deachlachtas tionsclaíoch. Le linn 2015 thóg an tSaotharlann 2015 thart ar 5,500 sampla agus dhein anailís ar nach mór 75,000 triail, léirítear iad siúd sa chairt anso thíos.

An tSeirbhís Tréidliachta
Bíonn an tSeirbhísTréidliachta freagrach as conradh leibhéal seirbhíse leis an Údarás um Shábhailteacht Bia, ceadaítear agus maoirsítear 15 seamlas agus 16 déantús beaga feola sa chontae. Deintear cigireacht tréidliachta roimis agus tar éis maraithe agus bíonn an caighdeán an-ard i gcónaí. Cuireann móran de na táirgeoirí ceirde seo go mór le saol an réigiúin idir eacnamaíoch, sóisialta agus turasóireachta. Cruthaítear poist agus spreagtar cuairteoirí trí luach an táirge áitiúil. Áis iontach is ea na seamlais úd d'fheirmeoirí ag a mbíonn saghas áirithe uaineoil trom búistéara agus bodóg thraidisiúnta nach mbíonn ag na heasportálaithe móra. Ní mór ól tabhachtach na n-oibritheoirí úd sa bfeirmeoireacht a aithint.

Rialú Madraí
Tá an tseirbhís Rialú Madraí ar na seirbhísí is fearr riartha sa tír. Bíonn cur chuige dearfach ag Comhairle Contae Chiarraí trínár suíomh idirlín agus i gcomhar le heagraíocht áitiúil um leas ainmhithe ó thaobh bailte do mhadraí ar strae. Faoi dheireadh na bliana 2015 bhí 16,815 ceadúnas madraí sa chontae.

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí

Príomhghníomhaíochtai Oibre 2015
Ar an mórgcóir tháinig méadú ar an ualach oibre i 2015 i gcomparáid le 2014. Bhí méadú ó 1,016 go 1,109 ar an líon eachtraí i 2015 agus méadú ar an líon ócáidí slógtha ó 1,136 i 2014 go 1,255 i 2015. Le linn 2015:

- Bhí méadú 28%, ó 464 i 2014 go 595 i 2015 ar eachtraí dóiteáin
- Bhí laghdú 2%, ó 144 i 2014 go 141 i 2015 ar thinte simné
- Bhí méadú 114%, ó 104 i 2014 go 223 i 2015 ar Thinte Aitinn
- Bhí laghdú 25%, ó 160 i 2014 go 120 i 2015 ar eachtraí RTA

Is mór an chabhair í an feachtas feasachta a bhíonn ar bun againn sna cúrsaí tinte. Éascaítear na cúrsaí céanna trí chomhoibriú idiráisínteachta agus plé rialta le páirtithe leasmhara mar Teagasc, IFA, An Roinn Talmhaíochta, Coillte agus an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra.

Clár Pobail um Shábháilteacht Dóiteáin
Faoin gClár Pobail Aláram Deataigh 2015, le cabhair ón RCPRÁ dáileadh gnáthaláraim deataigh i gcomhar leis an Roinn Pobal agus Fiontar ar theaghlaigh i measc an phobail a bheadh leochaileach sna cúrsaí úd. Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláirí sa tríú rang i mbunscoileanna.

Uasghrádú Scuaine
Leanadh den uasghrádú ar Scuaine Seirbhís Dóiteáin Chiarraí le linn 2015. Feidhmíodh dhá Jíp *Ford Ranger* 4x4 le bheith ar/as bóthar le linn drochaimsire agus ar thalamh garbh sléibhte, tá ceann anois i ngach stáisiún.

Ceannaíodh Inneall Dóiteáin rang B ar athláimh sa RA le linn 2014 lena chinntiú nach mbíonn meánaois an scuaine os cionn naoi mbliana agus nach síneann tréimhse oibríochcta aon innill thar 15 bliana.

Gníomhaíochtaí Rialú Foirgníochta 2015
Ar an iomlán bhí méadú ar an ualach oibre i 2105 i gcomparáid lena raibh againn i 2014.

- 339 Fógra Tosach Feidhme/7 lá faighte i 2015 a chuimsigh 396 fógraí tógála
- Scrúdaigh na hOifigigh 200 nó 50.5% de na foirgintí fógartha
- Bronnadh 134 Deimhniú um Shábháilteacht Dóíiteáin
- Bronnadh 82 Deimhniú um Áisiúlacht do Lucht Míchumais

Cosaint Shibhialta

Gaiscí Tábhachtacha 2015:

- Phléigh leis an doineann le linn mí na Nollag 2015 i dTrá Lí, Cill Airne agus Cill Orglan trí mhálaí gainimh a sholáthar, uisce tuile a chaidéalú, na ceantair riosca a phatróíl/fhaire do na pobail áitiúla i Jípeanna 4WD ag lán mara. Bhunaigh cumarsáid do na seirbhísí éigeandála trí raidió Tetra a úsáid.
- D'fhreagair don éigeandáil Bóthar na Faille, Gleann Beithe Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2015 trí sheirbhísí éigeandála don phobal nuair a tógadh slí práinne d'fheithiclí 4WD i dteannta Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath ag a raibh fearas speisialtachta.
- Athchóiríodh dhá Stóras mar gharáiste don Scuaine Cosaint Shibhialta in Eastáit Tionsclaíochta Móin an Bhealaigh, Tra Lí
- Fuarthas feithicil nua 2011 in ionad an Chistin Mhóibíleach 1996 a bhíodh againn agus *Crew Cab* 2008 chun Phubaill Leasa a iompar. Fuarthas Jíp 2007 Hilux freisin ón Roinn.
- Thug Cosaint Shibhialta Chiarraí dhá otharcharr agus foireann don choicíos Rothaíocht i gcoinne Féinmharaithe ar fud na hÉireann.
- Dhein Cosaint Shibhialta Chiarraí comhordú ar an bPlean Leighis don Ócáid Charthanachta Rothaíocht thar an Mhó –Chuaird. Bhí breis is 11 míle rothaí duine páirteach ann. Bhí 140 foireann leighis ar fad idir 18 otharcharr, trí Ionad Leighis agus 24 Dochtúir. Úsáideadh an Córas Saitilít Cumarsáide Tetra agus d'éirigh thar barr leis sin.
- Tugadh clúdach leighis ag an gCraobh Rámhaíocht ar an gCósta sa Choireán i 2015.
- Thug Cosaint Shibhialta Chiarraí oiliúint agus creidiúnú do ghrúpaí Céadfhreagairt Pobail, Clubanna CLG agus An Roinn Coimirce Shóisialaí.
- Lorgaíodh an carr Léiriú Bainte ó Ollscoil Luimní chun oiliúint a thabhairt do shaorálaigh áiitúla agus pearsanra seirbhís dóiteáin ar fud an chontae.
- Soláthraíodh clúdach leighis don Ócáid Charthanachta Rothaíocht Banc na hÉireann a d'imigh ó bhaile go baile ar feadh seachtaine.
- Cháiligh Oifigeach Cosaint Shibhialta le Tarrtháil 3 ón mBreatain Bheag mar Bhainisteoir Eachtraí Uisce & Tuilte.
- D'imigh an tAonad Leasa go Baile Átha Cliath ag cabhrú le géarchéim na nDaoine gan Dídean.
- Oileadh foireann Chomhairle Contae Chiarraí sa bhFeasacht Gharchabhrach agus san áireamh bhí na Seirbhísí Dóiteáin agus Seirbhísí Uisce.
- Soláthraíodh modh iompair do lucht Seirbhís Dóiteáin a d'imigh go Sligeach ar oiliúint BA.

Tuairisc ón Stiúrthóir Oibríochtaí & Sábháilteachta

Stiúrthóir Seirbhísí: Charlie O'Sullivan

<u>Foireann Sinsearach:</u>

Innealtóir Sinsearach:
Gerry Riordan

L/Innealtóir Sinsearach:
David Doyle

L/ Innealtóir Sinsearach:
Paul Curry

Go príomha tá an **Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus Sábháilteachta** freagrach as:

- an gréasán bóithre contae 4,881Cm a fheabhsú agus a chothabháil
- an stoc tithíocht shóisialta a chothabháil is a dheisiú agus a chinntiú go mbeirtear áitribh fholmha go caighdeán cuí sula n-athligtear iad
- spás agus áiseanna poiblí a chothabháil
- sláinte agus sábháilteacht chorparáideach agus bóithre a bhainistiú
- feidhmeanna rialachais a fheidhmiú mar fhorfheidhmiú plenála, eastáit tithíochta gan chríochnú, suímh tréigthe agus struchtúir bhaolacha, bainistiú tráchta, luasteorainneacha
- ceadanna agus ceadúnais a eisiúint, eastáit a ghlacadh mar mhuirear, soilsiú poiblí
- freagairt éigeandála a sholáthar is a fheidhmiú

Coiste Polasaí Straitéiseach:
Tharal cruinniú bunaidh an Choiste Polasaí Straitéiseach Oibríochtaí (SPC) mí Eanáir agus aontaíodh clár oibre na bliana. I rith na bliana phléigh na baill dréachtpholasaithe faoi "*Ceansú Tráchta in Eastáit Chónaithe agus ar Bhóithre Áitiúla"* agus faoi *"Dáileadh na mBall an Chiste Oibríochta Ceantar Bardasach do Chomhairleoirí*". Deineadh athbhreithniú ar an bpolasaí gearradh fála agus moladh feabhsúcháin chun éifeachta. Bhí doiciméad pléite um dhréachtpholasaí Shoilsiú Poiblí, ag cur san áireamh go gcaithfeadh an Chomhairle caitheamh agus costas funnimh a laghdú, ach san am gcéanna freagairt do riachtanais an phobail maidir le timpeallacht slán sábháilte.

Clár Oibre:
De réir forálacha nua reachtúla, leagadh amach clár oibre do gach Ceantar Bardasach sa sceideal Pleananna Oibre Ceantar Bardasach aoantaithe ag na Baill Cheantar Bardasach mí Márta agus i bPlean Soláthar Seirbhísí mí Aibreáin. Míníodh na hoibreacha le déanamh maraon le sonraí buiséad agus deontas faighte.

Tugadh cuntas in aghaidh ráithe ar dhul chun cinn sa Sceideal Pleananna Oibre Ceantar Bardasach do gach ball Ceantar Bardasach ar son trédhearcacht ar bhonn áitiúil maidir le hacmhainní a úsáid go héifeachtach. Le linn 2015 pléadh go minic le pobail áitiúla, bailte slachtmhara, féilte áitiúla deonacha agus lucht gnó. I ngach ceantar bardasach bhí pointe amháin lárnach teagmhála.

Is í cothabháil an ghréasán bóithre contae 4,881Cm idir Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúla príomhchúram na stiúrthóireachta. I 2015 infheistíodh €35.19m idir phleanáil, dearadh, forbairt agus cothabháil, tháinig €31.59m trí chúnamh deontais Stáit.

Cé go raibh teorainn le bonneagar mór caipitiúil le bliain anuas, deineadh dul chun cinn ar roinnt tionscnamh lárnacha mar a leanas:

- Ullmhaíodh na doiciméid CPO/EIS do Sheachród N69 Lios Tuathail agus seoladh an Cás Gnó chuig Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an RITAS.
- Tharla tuilleadh obair dhearadh agus imscrúdaithe ar an Scéim N70 Cora Cill Doire (fad 3.5km) idir Baile an Mhuilinn agus Cill Orglan. Ullmhaíodh an doiciméadú i 2015 agus foilsíodh é go luath i 2016.
- Tharla pleanáil d'oibreacha molta athailínithe ar chodanna den N70 idir Caisleán na Mainge agus Baile an Mhuilinn, ag Droichead Gleann Beithe, idir Droichead An Coireán agus An Baile Breac agus idir An tSnaidhm agus Droichead na Doinne.
- Cuireadh tús le hathailíniú ar an N71 idir Roilíoch agus Leitir Dúnáin, fuarthas deontas €2m ó Bonneagar Iompair Éireann (TII), seo turas straitéiseach turasóireachta idir Deisceart Chiarraí agus Iarthar Chorcaí
- Tiomnaíodh Seachród An Neidín Thoir don Uas. Pat O'Connor-Scarteen, d'oscail an tAire Paschal Donohoe, T.D., An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an seachród ar 26 Márta.

Níos tábhachtaí fós, tar éis dúshláin san Ard-Chúirt a lean dhá bhliain, ceadaíodh CPO agus EIS N86 Daingean Uí Chúis go hAbhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí An Com. Seo rochtain ríthabhachtach ar Chorca Dhuibhne. Mealltar mórán lucht rothaíochta, rud a chuireann go mór le geilleagar an chontae agus fáiltíodh dá bharr roimis an chinneadh. Trí chabhair airgeadais an TII, cuireadh tús le pleanáil don chéad chéim (idir Baile na Saor agus Lios Póil, idir Baile Ghearóid agus An Com) nuair a ullmhaíodh an cáipéisí Tairisceana agus deineadh imscrúdú ar an suíomh. Meastar go bhfeadfai tús a chur le tógaint i lár na bliana 2016.

An Scéim N86

Anuas ar na tionscnaimh chaipitiúla úd, tharla oibreacha suntasach feabhsúcháin phábála ar 5.6cm den ghréasan bóithre tánaisteacha, 150Cm Réigiúnacha agus Áitiúla agus ar cúig droichead. Bronnadh conarthaí Oibreacha Feabhsúcháin Phábhála ar N70 Glínsce: Cill Orglan Theas; An Lóthar/An Baile Breac go An Lóthar; An tSnaidhm go Drimnabeg Céim 2; Tairbeart go Teorainn Chontae; Roilíoch go Leitir Dúnáin. Táthar ag obair ar na scéimeanna úd lena gcríochnú i 2016.

Tosaíodh ar shuirbhé sonraithe ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta, bhí 88% déanta roimis deireadh na bliana. Don chéad uair deineadh na torthaí a logáil go digiteach, rud a ligfidh do dhíriú go straitéiseach ar infhesitíocht agus é mar thaca dúinn ag lorg infhestíocht stáit sa ghréasán bóithre. Ar ndóigh tá an gréasán ríthábahchtach don chontae ar bhonn socheacnamaíoch do na pobail tuaithe. Cuirfear anailís chruinn ar na torthaí idir rangu bóithre agus riachtanais infheistíochta faoi bhráid na Comhairle i 2016.

Toisc go mbíonn foireann na Comhairle in ann an clár oibreacha bóithre a chur i bhfeidhm go héifeachtach in aghaidh na bliana d'éirigh linn deontas breise €1,125,450 a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a lig dúinn 14Cm bóithre breise a fheabhsú.

Go luath mí Mean Fómhair bhí dílí bháistí sa chontae agus tuilte i mórán áiteanna. Go háirithe, creimeadh cuid den chósta, rud a chuir isteach go mór an an ngréasán áiitúil bóithre thart ar Ros Beithe, bhí teaghlaigh nach raibh in ann tiomáint ón dtigh ná ní fhéadfaí dul chucu. Idir teacht aniar an phobail áitiúil agus iarracht chomhordaithe ón bhfoireann Stiúrthóireachta, thángthas ar réiteach do na seirbhísí lárnacha. Forbraíodh dearadh do bhóthar eile isteach san áit ar chostas measta €1.1m, Iorgófar cunamh Stáit chuige sin.

Arís mí na Nollag bhí an drochaimsir chugainn agus deineadh díobháil do bhonneagar poiblí agus áitribh príobháideacha. Feidhmíodh Plean Éigeandála Tuilte na Comhairle trí huaire lena linn sin, rud a léirigh comhiarrachtaí thar na bearta i measc ár seirbhísí éigeandála (Seirbhís Dóiteáin, Gardaí, FSS agus an tArm) ag obair lenár bhfoireann tiomanta allamuigh agus móran saorálach, go háirithe ón gCosaint Shibialta agus Cumann na Croise Deirge.

Bhí an stoirm chéanna ar fud an chontae agus deineadh damáiste suntasach. Fuarthas maoiniú €4.685 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Muirí don ghlantachán agus oibreacha feabhsúchán i gcás práinne.

<u>Gaisce Tábhachtacha i 2015</u>

Bóithre Náisiúnta

- Toradh sásúil ar Fhiosrúchán Dlíthiúil An Taisce faoin N86
- Doiciméadú CPO ullamh agus réidh le foilsiú don Scéim N70 Cora Cill Doire
- Réitíodh na cuntais deiridh don scéim Seachród N21 Oileán Chiarraí agus N22 N69 Seachród Trá Lí.

- Bhronn Innealtóirí Éireann athchreidiúnú CPD go 2018 ar NRDO Chiarraí.
- Feabhsaíodh 5.6Cm bóithre Tánaisteacha Náisiúnta trí infheistíocht €1.66m

Bóithre Neamh-Náisiúnta

- Suirbhé is léarscáilíocht ar 88% den ghréasán bóithre neamh-náisiúnta
- Feabhasaíodh 150Cm bóithre réigiúnacha agus áitiúla faoin gClár Athchóirithe Feabhsúcháin agus Athchóirithe Cothabhála
- Caitheadh €1.95m ar fhuinneamh agus cothabháil do 12,737 solas poiblí
- Deineadh oibreacha sábhailteachta ar cúig láthair
- Fuarathas dáileadh €77,925 do chomharthaíocht luasteorann
- Críochnaíodh cúig Scéim Rannpháirtíocht Pobail trí dháileadh €135,000
- Críochnaíodh sé Scéim Feabhsúchán Áitiúla trí dháileadh €100,000
- Cuireadh tús le hAthbhreithniú Luasteorann don chontae

Forfheidhmiú agus Sábháilteacht ar na Bóithre

- Scrúdaigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar na Bóithre 381 gearán m.sh. feithiclí faoi ualach ró-mhór, draenáil, oscailt bhóithre, díobháil do bhóithre, comharthaí ina mbac
- Iniúchadh11 2 oibríocha idir údarás áitiúla agus conraitheoirí ó thaobh sábháilteachta de
- Deineadh 960 tástáil ábhartha
- Seoladh an Comórtas d'Fhéilire um Shábháilteacht ar na Bóithre a tharla i mbunscoileanna an chontae

Céanna agus Cuanta

- Deineadh oibreacha feabhsúcháin ar Bhréanainn, An Scragán, Kay Rock, An Rinn Aird, Tairbeart agus Cathair Saidhbhín.
- Leagadh an foirgneamh *Old Sea World* agus tosaíodh ar Aonad nua Tógála do *Liebherr Container Cranes* Teo.

Suímh Treigthe

- Tá 99 suíomh ar Chlár na Suíomh Tréigthe

Eastáit a ghlacadh mar Mhuirear

Mar áis chun an glacadh mar mhuirear a chur i gcrích ar bhonn náisiúnta aontaíodh Meamram Tuisceana agus Prótacal um Ghlacadh mar Mhuirear idir Uisce Éireann agus an earnáil údaráis áitúla mí Márta 2015 faoi threoir ag an Oifig Trasnaithe Seirbhísí Uisce.

Bhíothas ag fanacht le tamall leis an socrú seo agus eascaítear anois na bearta atá riachtanach chun go nglacfaidh Comhairle Contae Chiarraí mar mhuirear na heastáit a mheastar a bheith críochnaithe i gceart. Ar dtús seoladh 11 eastáit chuig Uisce Éireann de réir an Mheamram agus Prótacal. Orthusan, glacadh mar mhuirear le hocht gcinn i 2015 tar éis do na Ceantair Bhardasach na cásanna a réiteach.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Stiúrthóir Seirbhísí:John D. Flynn/Martin O'Donoghue (Gníomhach)

Foireann Sinsearach:

Gnóthaí Corparáideach
Gerard O'Brien (L/Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin)

Daonacmhainní
Martin O'Donoghue (OifigeachSinsearach Feidhmiúcháin)

TEC
Brian Looney (Ceannaire TEC)

Tacaíocht Chorparáideach

Príomhstaitisticí do 2015

- Eagraíodh agus pléadh le 16 chruinniú den Chomhairle iomlán
- Eagraíodh agus pléadh le 40 cruinniú Ceantar Bardasach
- Fuarthas ar an iomlán 110 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

An tAonad Bainistiú Áiseanna

Tá an tAonad Bainistiú Áiseanna freagrach as punann breis is 40 Áis Corparáideach a bhainistiú is a chothabháil (Foirgintí Corparáideacha, Oifigí Ceantar Bardasach, Oifigí Ceantair, Leabharlanna, Tithe Cúirte, áitribh ar léas) ar fud an chontae. Cuireadh na tionscnaimh seo a leanas i gcrích:

- Athlonnaíodh an fhoireann tithíochta go dtí an foirgneamh mar a mbíodh Seirbhísí Uisce/Mótarcháin
- Athlonnaíodh An Roinn Pobail agus an Oifig Fiontar Áitiúil (LEO) to dtí Áras an Chontae
- Suiteáladh Rochtain Míchumais isteach i Leabharlann Chill Airne ó Bhóthar na Carraige

Lean an tAonad Bainistiú Áiseanna d'usáid a bhaint as chóras Conarthai agus Crataí Oifig Fála an Rialtais (OGP) chun costas a spáráil i gceannach stáiseanóireacht, páipéir, soláthar oifige agus doirseoireachta. Leantar de shlite a aithint chun costas reatha na nÁiseanna Corparáideacha a laghdú. Leanann Comhairle Contae Chiarraí den leibhéal céanna seirbhísí do chustaiméirí laistigh agus lasmuigh cé go bhfuil laghdú ar fhoireann is ar acmhainní airgeadais.

Nochtadh Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá cosaint dlíthiúil ag fostaí a thuairiscíonn ceisteanna éagóra sna hearnála poiblí, príobháideach agus gan brabús. Díríonn an reachtaíocht ar fhostaithe a chosaint má luann siad go gcreidtear, chomh fada agus is eol dóibh, go bhfuil eagóir á dhéanamh.

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá dualgas ar údaráis áitiúla tuairisc a ullmhú is a fhoilsiú ar na nochtaithe cosanta a fuair an Chomhairle sa bhliain atá thart maraon le heolas ar aon ghníomh a dhein siad dá thoradh san. Ní bhfuair Comhairle Contae Chiarraí aon nochtadh cosanta le linn na tréimhse seo.

Daonacmhainní

Gaiscí Tábhachtacha i 2015:

- Leantar den Chlár Bainistiú Neamhláithreachtaí chun cur le héifeachtúlacht maidir le tinreamh sa láthair oibre.
- Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar an gClár Tacaíocht Eagrúcháin ar son leas foirne agus de réir reachtaíochta.
- Forbairt leanúnach ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).
- Forbairt ar Pholasaí agus Cleachtais um Chosaint Leanaí chun géilliúlacht a chinntiú do Reachtaíocht Cosaint Leanaí atá le teacht agus do Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.
- Leanadh de scéimeanna taithí oibre de chuid an Rialtais agus na hearnála mar Intéarnachtaí *Job Bridge*, an Scéim Spreagtha Oibre Geata agus an Clár Údarás Áitiúil um Chéimithe a Earcú.

Traenáil agus Forbairt

Sa Roinn Traenála eagraítear réimse leathan clár oiliúna lena chinntiú gur féidir leis an bhfoireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhonn muiníneach éifeachtach i gcomhshaol sábháilte. Roinntear an oiliúint mar a leanas:

- Sláinte agus Sábháilteacht (Éigeantach)
- Scileanna Gnó/Bainistíochta
- Eolas ar an bpost ar leith, scileanna agus cumas
- Forbairt Phearsanta

Oiliúint i rith na bliana:

- Scileanna TE
- Cúrsaí Fála
- Cosaint Leanaí
- Réiteach Aighnis
- Rialacháin Fhoirgníochta
- Tiomanaí CPC/Oibriú Fearas
- Garchabhair
- Uisce Éireann
- Pas Sábháilteachta
- Traenáil Laimhseála
- Lotnaidicídí
- Sábh Slabhra
- Seirbhísí Geimhridh
- Seirbhísí Dóiteáin
- Cóiriú Dromchla

Líon Fostaithe 31 Nollaig 2015

Bainistíocht/Riaracháin	462
Innealtóireacht/Teicniúil	204
Oibríoch/Allamuigh	712
IOMLÁN	1378

Fostaithe de réir Inscne 31 Nollaig 2015

	Fireann	**Baineann**	**Iomlán**
Bainistíocht/Riaracháin	101	361	462
Innealtóireacht/Teicniúil	169	35	204
Oibríoch/Allamuigh	641	71	712
IOMLÁN	**911**	**467**	**1378**

Comórtais
Líon Comórtas: 43
Líon iarratas faighte: 1,412
Fireann: 963
Baineann: 449

Socruithe Tríú Leibhéal
Lean an Chomhairle de scéimeanna socruithe tríú leibhéil agus áisíodh 6 shocrú dá leithéid.

Clár Údarás Áitiúil um Chéimithe a Earcú
Tá ceithre shocrú i gComhairle Contae Chiarraí faoi láthair faoin scéim náisúnta seo. Fostaítear céimithe i réimsí speisialtachta ar chonarthaí dhá bhliain chun taithí praiticiúil a thabhaiart dóibh ina réimse féin. Tá an ceathrar úd ag obair faoi láthair i bhForbairt Eacnamaíoch Fiontair & Gnó, Straitéis Nuála & Bainistiú Athruithe agus Bainistiú Daonacmhainní.

Tionscadail Rialtais um ghríosú fostaíochta

Lean an Chomhairle de thionscadail Rialtais chun obair a sholáthar dóibh siúd a bhíonn dífhostaithe le fada.

Intéarnachtaí *JobBridge*

Líon Comórtas: **9**

Líon iarratas faighte: **126**

Fireann: **71**
Baineann: **55**

Líon iomlán socruithe: **10**

Scéim Rialtas Áitiúil Geata um ghríosú fostaíochta

I gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí líonadh 35 socrú i 2015, sin 75 ar an iomlán sa Chomhairle ar fad. Leantar den earcaíocht chun na cinn eile a líonadh go luath i 2015. Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí an tacaíocht a fhaightear don Scéim Geata ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

Córais Eolais Gnó:

I 2015 bunaíodh córas clárú ar líne do cheadúnais madraí idir chinn nua agus athnuachana. Seo slí éasca saoráideach don cheadúnu madraí agus is córas éifeachtach san oifig é freisin maidir leis na ceadúnais a phróiseáil.

An tSaotharlann

Le linn 2014 agus 2015 tharla tionscnamh suntasach chun córas nua um Bhainistiú Eolas Saotharlainne a chur i bhfeidhm. Bhain an tsaotharlann creidiúnú ISO17025 ag deireadh na bliana 2015 agus feabhsaíodh an córas LIMS chun tacú leis an Saotharlann go háirithe maidir le feidhmiú tuairiscí. Fuarthas cúnamh ón roinn TE i dtreo deireadh an tionscnaimh.

Tionscnaimh eile córais eolais

Tharla tionscnaimh suntasach eile sna ranna Dóiteáin, Seirbhísí Uisce, Bainistiú Dramhaíola, Tithíocht & Seirbhísí Corparáideacha chun córais ghnó a uasghrádú.



Suímh Idirlín
Seoladh suímh nua idirlín i rith na bliana agus an ceann is suntasaí ná an suíomh Leabharlainne a d'fhorbair siad féin sa Leabharlann. Tosaíodh ar an suíomh comórtha 1916 freisin. Ina theannta san, tá nach mór 20 suíomh á gcothabháil agus á n-uasdátú ag Comhairle Contae Chiarraí. Seachas an príomhshuíomh againn www.kerrycoco.ie tá Airdeall, Éagsúlacht Chultúrtha, cultúr Chiarraí, Seirbhísí Dóiteáin, LEO, Scannán Chiarraí 7rl.

Na Meáin Sóisialta
Ba leir fiúntas na meán sóisialta i gcás práinne le linn doineann mí na Nollag 2015. Chuir TE seirbhísí sna meáin sóisialta ar fáil agus córas *beta* léarscáilíocht do na bóithre a dúnadh de dheasca tuilte.

Mhéadaigh ar líon na ngiolcadh ó 14,000 go breis is 615,000 idir Samhain is Nollaig. Bhí breis is 7, 000 lucht leanúna a dhein giolcadh go rialta faoi fhógraí aimsire, cúinsí agus dúnadh bóithre, easpa uisce agus fógraí tábhachtacha eile gnó. Tá breis is 5, 000 lucht leanúna ag Comhairle Contae Chiarraí ar *Facebook*. Deineadh sruthlú don chéad uair ar Fháiltiú Cathrach i Seomraí na Comhairle mí Bealtaine trí sheirbhís *Ustream*. Tharla sé sin arís do chruinnithe agus fáiltithe eile agus sinn fós ag smaoineamh ar na buntáistí a bhaineann lena leithéid de chumarsáid.

Oibríochtaí TEC
Tharla móran tionscadal faoin gclár againn le linn 2015. Deineadh uasghrádú ar an gcóras r-phost ó *Exchange* 2003 go *Exchange* 2013 gan puinn cur isteach ar an gcóras. Deineadh uasghrádú leis ar an gcomhshaol fíorú freastalaí agus tosaíodh ar an stoc Freastalaí *Windows* a uasghrádú ó leagan 2003 go 2010.

Tharla uasghrádu nó athnuachan ar roinnt naisc sa ghréasán. Ar an gceann ba mhó bhí na naisc snáithe ardluais idir Áras an Chontae agus oifigí Seirbhísí Ceantar Oileán Chiarraí a críochnaíodh i 2015. Meastar go gcastar ar an seirbhís go hOileán Chiarraí (Seirbhísí Uisce) go luath i 2015.

Bainistíocht Teicniúil & Deasc Eolais
Tosaíodh i 2004 ar athnuachan ar an seanstoc a stiúraigh córas oibríochta *Windows XP.* Leanadh leis sin i 2015 agus fuarthas breis is 150 PC nua. Tharla saothar freisin ar chóras nua *Citrix Farm* a chríochnófar i 2015.

Tacaíocht an Deasc Seirbhíse TEC
Tacaítear le TEC ar breis is 900 ríomhaire deisce, ríomhaire glúine, taibléad agus fón cliste ar os cionn 60 Láthair sa Chontae. I 2015, logáladh breis is 5,000 iarratas maidir le heachtraí sa Chóras lárnach Deasc Seirbhíse.

Leathanbhanda
Sheol An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha fógra *Glaoch ar Chomhairliúchán* faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, dá bharr san seoladh aighneachtaí agus orthusan bhí Polasaí Comhairle um leathanbhanda mar thosaíocht sa chontae.

Tuairisc ón Stiúrthóir Airgeadais

Ceannaire Airgeadais: Angela McAllen

Foireann Sinsearach:

Airgeadas
Michael O'Leary (Oifigeach Sinsearach Feidhmiucháin)
Pat O'Shea (L/Oifigeach Sinsearach Feidhmiucháin)

Ionad Oibriú Fála Rialtais Áitiúil
Catherine Carmody (Bainistiú Tionscnaimh)

Tuairisc Airgeadais don bhliain 2015

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as airgeadas na Comhairle a rialú is a bhainistiú, idir ioncam agus caipiteal. Forbraítear agus feidhmítear polasaí airgeadais, cleachtais agus struchtúir do Comhairle Contae Chiarraí agus tugtar seirbhísí tacaíochta don eagraíocht. Eisítear na tuairiscí reachtúla mar Bhuiséad agus Ráiteas Bliantúil Airgeadais agus cloítear leis na riachtanais tuairisce AE/IMF angus Roinn Airgeadais in aghaidh ráithe.

Agus an Buiséad á mbainstiú i rith na bliana, dhírigh an chomhairle ar sheasmhacht airgeadais ar fud na heagraíochta trí phrósis mhaithe buiséid, bainistiú ciste agus ioncaim, fála agus rialú maith.

Le linn 2015 dhein Comhairle Contae Chiarraí bainistiú éifeachtach ar ár mbonn acmhainní in ainneoin dushláin a bhí romhainn. Coimeádadh smacht go ciallmhar ar chaiteachas idir Ioncaim agus Caipitiúil agus neartaíodh bearta um bhainstiú fiacha chun uasmhéid ioncaim a bhaint amach. De bharr a leithéid d'éifeachtúlacht bhíothas in ann leanúint de sheirbhísí áitiúla na Comhairle a sholáthar i gcónaí.

Bhí Barrachas Ioncaim i 2015 mar €87,758; dá bharr san tá an ciste cúltaca ioncaim faoi dheireadh 2015 mar €6,271,768. Gné rídhearfach a bhuíochas do na baill tofa agus do thréaniarracht foireann Chomhairle Contae Chiarraí is ea cúltaca carnach ioncaim. Is léir gur baineadh an leas is mó as acmhainní agus ioncaim, gur baineadh amach margadh maith agus gur saothraíodh go héifeachtach le blianta beaga anuas.

Ní hionann san is a rá nach mbíonn dúshláin airgeadais againn ar bhonn leanúnach. Tá an Chomhairle freagrach as plé le dliteanais suntasach freisin. Ní mór infheistíocht as ár n-acmhainní féin mar chómhaoiniú chun an Plean Gníomh Post, an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus an Straitéis Turasóireachta a cur i gcrích. Ina choinne sin tá dúshláin maidir le bailiú ioncaim agus laghdú ar shruthanna ioncaim.

Dhein Comhairle Contae Chiarraí bearta i 2015 agus leanfar ar an gcuma céanna isteach i 2016 agus ina dhiaidh sin, chun an caiteachas laethúil agus an clár infheistíocht chaipitiúil a thabhairt chun réitigh le maoiniú agus acmhainní a bhíonn ar fáil.

Laistigh den Airgeadas tá na príomhaonaid seo a leanas:

An tAonad Árachais: Go príomha tá Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostaitheora, Árachas Dóiteáin agus Mótair. Cinntítear go mbíonn clúdach mar is cuí ag Comhairle Contae Chiarraí agus leantar deachleachtas um Bhainistiú Riosca trí mhonatóireacht agus tuairisciú ar thimpistí.

Meitheal tionscnamh FMS: Tá an t-aonad seo freagrach as Córais agus Feabhsúcháin Airgeadais Náisiúnta agus Áitiúla a fheidhmiú, oiliúint agus tacaíocht san áireamh.

Iniúchadh Inmheánach: Feidhm neamhspleách measúnaithe is ea Iniúchadh Inmheánach a dheineann athbhreithniú ar an gcóras rialachas inmheánach laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí.
Le linn 2015 tharla roinnt inúchtaí agus tuairiscíodh torthaí agus moltaí go dtí an Coiste Iniúchta. Leanadh de bhreis iniúchtaí chun gnímh de réir cinn eile cheana féin a mheas.

An tAonad Ioncaim: Pléitear go príomha le hioncam a bhailiú; rátaí tráchtála, muirir seachas tí ar son Uisce Éireann, NPPR, tobhaigh fhorbartha agus aon mhuirir eile a bhíonn le n-íoc do Comhairle Contae Chiarraí. Cuirtear ar athló na ranníocaíochtaí forbartha muirir eile nach mbíonn le n-íoc sa bhliain reatha agus taispeántar iad siúd mar chreidiúnaithe sa bhfadtéarma ar an gclár fuílleach.

An tAonad Párolla: Mar chuid de na tionscadail um Sheirbhísí i bpáirt san earnail Údaráis Áitiúil, bunaíodh an tIonad Seirbhís Párolla agus Pinsin i bPáirt laistigh de Chomhairle Contae Laois (*MYPAY)*. Ón 1 Deireadh Fómhair 2015 ar aghaidh is ansiúd a dheintear próiseas ar íocaíochtaí párolla Chomhairle Contae Chiarraí idir fhostaithe, lucht pinsin agus comhairleoirí i gcomhar leis an aonad Párolla de chuid Chomhairle Contae Chiarraí.

An tAonad Cuntas Iníoctha: Dearbhaíonn an roinn cuí na sonraisc agus seoltar ar aghaidh iad chuig an Aonad Cuntas Iníoctha lena bpróiseáil. Tá cleachtais i bhfeidhm a ghéilleann don Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus

na Rialacháin CE (Íocaíocht Déanach i nGnóthais Tráchtála) 2012. Ghéill Chomhairle Contae Chiarraí go hiomlán don reachtaíocht um íocaíochtaí déanacha i 2015.

An tAonad Tacaíocht FMS: Stiúraíonn an tAonad seo an Córas Bainistíocht Airgeadais (*Agresso*) atá i bhfeidhm go forleathan sa Chomhairle. Tugtar tacaíocht agus oiliúint don bhfoireann agus tá rialuithe i bhfeidhm ar son slándála.

An tAonad Bainistiú Airgeadais: Ar phríomhchúraim an aonaid tá bainistiú ciste, réiteach banc, bainistiú fiacha, monatóireacht ar an gcuntas Caipitiúil, an Clár Sócmhainní a bhainistiú agus deontais a tharraingt anuas. Foilsítear eolas agus tuairiscí bainistíochta freisin ar son buiséid a bhainistiú go héifeachtach.

An tAonad Mótarchánach: Riarann an Chomhairle mótarcháin lasitigh dá ceantar feidhme ar son An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

LGOPC: Tá an tAonad Oibríochta Fála Rialtais Áitiúil i gCill Airne freagrach as Fearas ar Cíos agus Mionoibreacha a fháil don earnáil phoiblí. Feidhmítear mar comhlacht lárnach ceannaigh faoi scáth Chomhairle Contae Chiarraí; deintear comhordú ar chreat soláthair/seirbhísí/oibreacha don chaiteachas ar Fhearas ar Cíos agus Mionoibreacha. Forbraítear na catagóirí agus na bogearraí cuí fála.

Sa tábla anso thíos léirítear staid airgeadais na Comhairle agus anailís ar chaiteachas agus ioncam na bliana. Is feidir a rá go bhfuil stádas reatha sásúil airgeadais ag an gComhairle faoin 31 Nollaig, 2015.

Ráiteas Airgeadais

COIMRIÚ AR CHAITEACHAS AGUS AR IONCAM (RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Léiríonn an Coimriú ar Chaiteachas is Ioncam an t- ioncam reatha agus an caiteachas ioncam go léir. Léirítear freisin barrachas/easnamh na bliana.
I Nóta 16 tá na haistrithe de réir roinn seirhbíse sa bhformáid céanna le Tábla A den bhuiséad glactha Údaráis Áitiúla.

	Cait. Iomlán	Ioncam	Caiteachas Glan	
	2015	2015	2015	2014
Caiteachas de réir Ranna	€	€	€	€
Tithíocht agus Foirgníocht	21,200,044	21,325,409	(125,365)	(300,085)
Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht	33,092,413	21,747,882	11,344,531	12,747,369
Seirbhísí Uisce	14,647,852	13,893,520	754,332	(1,063,956)
Bainistíocht Fhorbartha	9,661,131	2,667,850	6,993,281	6,673,431
Seirbhísí Comhshaoil	16,065,893	3,204,657	12,861,236	11,358,735
Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht	6,968,241	650,589	6,317,652	6,497,420
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,784,675	2,399,688	384,987	731,456
Seirbhísí Ilghnéitheacha	15,242,694	3,942,916	11,299,778	12,214,430
Caiteachas /Ioncam Iomlán	**119,662,943**	**69,832,511**		
Costas Glan Ranna ó Rátaí is ón gCiste Áitiúil			49,830,432	48,858,800
Rátaí			41,264,285	41,169,215
Cáin Aitreabh Áitiúil			11,659,186	11,043,837
Laghdú um Phinsin			2,553,300	2,670,557
Barrachas/ (Easnamh) na Bliana roimh Aistriú			**5,646,339**	**6,024,809**
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí			(5,558,580)	(5,933,879)
Barrachas/ (Easnamh) na Bliana			**87,758**	**90,930**
Cúlchiste Ginearálta ar 1 Eanáir 2015			6,184,008	6,093,078
Cúlchiste Ginearálta ar 31 Nollaig 2015			**6,271,768**	**6,184,008**

Ráiteas Airgeadais

Clár Fuílleach ar 31 Nollaig 2015

	2015 €	2014 €
Bunsócmhainní 1		
Oibríocha	702,162,746	695,969,956
Bonneagair	2,788,355,810	2,776,246,759
Pobail	13,098,554	13,254,424
Neamh-Oibríocha	5,188,467	5,078,468
	3,508,805,577	**3,490,549,607**
Obair ar siúl agus Réamhchostais	**5,122,710**	**11,785,832**
Fiachóirí Fadtéarmacha	**43,640,445**	**45,471,274**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	986,651	1,007,071
Fiachóirí Trádála & Réamhíocaíochtaí	8,608,535	28,850,118
Infheistíochtaí Banc	80,815,938	74,371,546
Airgead sa Bhanc	-	-
Airgead faoi Bhealach	869,037	619,285
	91,280,161	**104,848,020**
Dliteanais Reatha		
Rótharraingt sa Bhanc	395,229	445,526
Creidiúnaithe & Fabhraithe	34,539,162	47,216,351
Léasanna Airgeadais	30,660	29,343
	34,965,051	**47,691,220**
Sócmhainní/(Dliteanais) Glan Reatha	**56,315,110**	**57,156,800**
Creidiúnaithe (Méid le breis is bliain)		
Iasachtaí Iníoctha	81,833,380	85,054,499
Léasanna Airgeadais	16,710	48,686
Éarlaisí Inaisíoctha	3,003,598	2,591,146
Eile	801,961	348,005
	85,655,649	**88,042,336**
Sócmhainní/(Dliteanais) Glan	**3,528,228,193**	**3,516,921,177**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitiliú	3,508,805,577	3,490,549,607
Ioncam WIP	4,833,125	11,093,257
Cúlchiste Ioncam Reatha Sonraithe	7,478,134	7,478,134
Cúlchiste Ioncam Reatha Ginearálta	6,271,768	6,184,008
Fuílligh eile	839,589	1,616,171
Cúlchiste Iomlán	**3,528,228,193**	**3,516,921,177**


Kerry County Council - Revenue Expenditure 2015
12%
3%
6%
18%
14%
8%
12%
27%
Housing and Building €22.78m
Road Transportation & Safety €34.67m
Water Supply & Sewerage €14.85m
Development Incentives & Controls €10.15m
Environmental Protection €17.26m
Recreation & Amenity €7.81m
Agriculture, Education, Health & Welfare €3.43m
Miscellaneous Services €15.49m


Kerry County Council - Revenue Income 2015
1%
2%
33%
24%
9%
31%
State Grants and Subsidies €29.69m
Local Government Fund €11.66m
Goods and Services €38.98m
Rates €41.26m
Contributions from other LA's €1.16m
Pension Levy €2.55m


Kerry County Council - Capital Expenditure 2015 as per Appendix 6
30%
43%
6%
6%
1%
4%
2%
8%
Housing and Building €9.51m
Road Transportation & Safety €13.72m
Water Supply & Sewerage €1.81m
Development Incentives & Controls €1.82m
Environmental Protection €0.37m
Recreation & Amenity €1.13m
Agriculture, Education, Health & Welfare €0.63m
Miscellaneous Services €2.47m


Kerry County Council - Sources of Capital Funding 2015 per Appendix 6
1%
21%
78%
Grants €20.08m
Loans €0.12m
Goods and Services €5.34m

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

L/Innealtóir Sinsearach: John Kennelly

Ó bunaíodh an Acht Seirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2014, is iad Uisce Éireann atá anois i bhfeighil cúrsaí uisce sa tír seo ar bhonn náisiúnta. Beirtear seirbhísí uisce Údarás Áitiúla don tír ar fad faoi sholáthróir amháin náisiúnta. Leanann Comhairle Contae Chiarraí den soláthar uisce do mhuintir Chiarraí ach iad anois mar Ghníomhaire ar son Uisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Tá an Stiúrthóireacht Uisce freagrach as Seirbhísí Uisce idir Oibríochtaí is Caipitiúla a sholáthar trín gComhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an Chomhairle agus Uisce Éireann. Táid freagrach leis as an gClár Uisce Tuaithe de chuid An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Soláthar Uisce Poiblí
I 2015, chuir Comhairle Contae Chiarraí thart ar 27.0 milliún méadar ciúbach (27.0 billiún líotar) fíoruisce inólta ar fáil do 122,000 custaiméir trí 68,000 ceangal uisce. Tagann an t-uisce ó 71 scéim soláthar uisce poiblí atá ceangailte le breis is 90 foinsí uisce ar leith sa chontae.

Tharla mórfheabhsúcháin in áiteanna ar fud an ghréasán soláthar uisce le linn 2014. Maoiníodh iad seo trí acmhainní Uisce Éireann agus orthusan bhí 24Cm Príomhphíopaí nua uisce ar chostas €4.5milliún:

Príomhphíopaí nua in ionad seanchinn lochtach:

- 3.5 Cm de phríomhphíopaí 90mm in Ard Na Caithne, Baile Uachtarach, Cé Bhréanainn, Baile na Buaile agus Baile Uí Shé i nGaeltacht Corcha Dhuibhne.
- 7.25 Cm de phríomhphíopaí 200 agus 300mm ón nGaorthadh go Cill Gobnait go Meánas, Cill Orglan.
- 450m de phríomhphíopaí 200mm ar Bhóthar Mhuc Rois, Cill Airne
- 80m de phríomhphíopaí 200mm mBaile Uí Spealláin, Cill Airne
- 2.2 Cm de phríomhphíopaí 150mm maraon le píopa 200mm i Droum, Gleann Beithe.
- 1.3 Cm de phríomhphíopaí 100mm i Drimna Beg, An tSnaidhm
- 450m de phríomhphíopaí 3” agus píopaí 110mm san Roisín, Béal Átha Longfort
- 380m de phríomhphíopaí 3” agus píopaí 110mm in Ardán Phádraig, Tairbeart
- 250m de phríomhphíopaí 3” agus píopaí 90mm i bPáirc Tír na gCliath, Tairbeart
- 3.15 Cm de phriomhphíopaí iarainn múnla i bhFearann an Chaisleáin aguas Sráid an Phrionsa, Trá Lí
- 2.5 Cm de phríomhphíopaí C.I./Luaidhe i bPáirc Bhreandáin, Páirc Uí Chonghaile, Páirc Uí Chéirín, Lóthar Canáin, Taobh na hAbhann agus Páirc Mhuire i dTrá Lí
- Leagadh 2.3 Cm de phríomhphíopaí nua 160mm idir Shéipéal Mhuc Rois agus Drom Mhic Báin

Ceangail Nua

Deineadh 106 ceangal nua le huisce agus deich gceangal nua le fuíolluisce i 2015.

Fuíolluisce Poiblí

Ar an iomlan oibrítear 48 Fearas Cóireála Fuíolluisce poiblí sa chontae, 16 ag a bhfuil bonneagar iomlán cóireála agus 32 fearas céadchóireála. Ar an uasghrádu lárnach a deineadh ar bhonneagar fuíolluisce i 2015 bhí ceithre Fhearas Cóireála Fuíolluisce i mBéal Átha Longfort, Tairbeart, Baile an Ridire agus Cill Gharbháin.

Uisce Tuaithe

Is í Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is í an Roinn Seirbhísí Uisce a chabhraíonn le Grúpscéimeanna ar bhonn riaracháin agus innealtóireachta. Ar an iomlán forbraíodh 508 Grúpscéim Uisce i gCiarraí agus tá 234 díobh anois á riaradh ag Comhairle Contae Chiarraí ar son Uisce Éireann.

Gaiscí Tábhachtacha i 2015:

- Caiatheadh €191,560 ar Ghrupscéimeanna Soláthar uisce
- De bharr "Uasghrádú sula nGlacfaí mar Mhuirear" leagadh breis is 1 Cm píopaí nua do GWSS Clann Muiris.
- Fuair 58 Grúpscéimeanna íocaiochtaí fóirdheontais.
- Fuarthas 36 iarratais ar Dheontais Tobair.
- Críochnaíodh Grúpscéim Fuíolluisce nua (An Cillín, Trá Lí).
- Fuarthas agus deineadh próiseas ar cúig iarratas ar Dheontas um Dhabhach Mhúnlaigh a fheabhsú.

Caomhnú Uisce

As an dTionscnamh Caomhnú Uisce a bunaíodh i 2005 is ea a d'eascair an tAonad um Chaomhnú Uisce a oibríonn anois mar Aonad Lárnach Gnó laistigh den Roinn (Oibríocha) Seirbhísí Uisce.

Dírítear ar Chaomhnú Uisce sa bhainistíocht ghníomhach, leagtar an bhéim ar rialú sceitheadh agus ar diomailt uisce a laghdú, rud a laghdaíonn éileamh ar uisce agus a ghineann spáráil ó thaobh costas táirgeadh uisce de. Is cosaint é sin ar an infheistíocht chaipitiúil a tharla sna Seirbhísí Uisce.

Ar an meán táirgeadh 99,980 méadar ciúbach in aghaidh an lae i gCiarraí le linn na bliana 2006, i 2015 tá laghdú 26% go 74, 027. Is ionann san agus laghdú 9.5 milliún méadar ciúbach.
Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de ghnáthdhualgais laethúla na bhfoirne speisialta chuige sin. Ó lár na bliana 2006 aimsíodh/deisíodh thart ar 56,100 sceitheadh sa Chontae.

Mí Deireadh Fómhair 2014 cuireadh triúr ball foirne breise san Aonad Caomhnú Uisce, rud a lig do Chomhairle Contae Chiarraí polasaí Aithint is Deisiú Sceite/"Aimsigh & Deisigh" a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an scéim i gceantar ginearálta Oileán Chiarraí mar a bhfuarthas agus mar a ndeisíodh thart ar 160 fadhb. Bhí laghdú 62% ar shruthanna oíche dá bharr san ó 995 m^3/lae go 377 m^3/lae agus sin laghdú bliantúil 300,000m^3 uisce.

Ina theannta san thángthas ar thart ar 20 ceangal gan aon mhéadar (idir tí agus eile), rud a chiallaíonn nach gcuirfear a gcaiteachas uisce siúd faoi Uisce gan Chuntas a thuilleadh ach go mbeidh cuntas air agus go n-íocfar as.

Scéimeanna Caipitiúla Seirbhísí Uisce

Dhein an Oifig Tionscnamh Caipitiúla an t-uafás oibre i 2015 chun scéimeanna móra uisce is fuíolluisce a chur chun cinn trín gClár Infheistiocht i gCaipiteal Uisce 2014-2016, oibríodh ar Mhionchlár Caipitiúil Uisce Éireann ann leis. Deis an-mhaith is ea gnéithe den gclár úd maoinithe chun áiseanna atá cheana féin ann a uasghrádú agus caighdeáin a ardú. Ar na hOibreacha Caipitiúla i 2014 bhí:

Mórscéimeanna:

- Críochnaíodh obair ar Chonradh Athbhunú Príomhphíopaí Eastát Trá Lí. Cuireadh príomhphíopaí nua mar a mbíodh 6Cm seaniarann múnla agus luaidhe i sé eastát tithíochta i dTrá Lí (Luach: €2.6 milliún)
- Tosaíodh ar 7.8Cm de phríomhphíopaí nua ar Scéim Soláthar Chiarraí Láir (Luach: € 1.8 milliún)

- Tosaíodh ar uasghrádú ar Oibreacha Éascaíochta Príomhphíopaí Crochta mar chuid de CRWSS Loch Coiteáin tionscnamh WTP (Luach: €0.9 milliún)
- Críochnaíodh próiseas tairisceana don bhFearas Cóireála nua mar chuid de CRWSS Loch Coiteáin (Luach: €30 milliún)
- Ullmhaíodh doiciméid chonartha don bhFearas nua Cóireála Uisce san Neidín. (Luach: €1.7 milliún)
- Ullmhaíodh doiciméid chonartha don bhFearas nua Cóireála Uisce i Stad an tSléiubhe. (Luach: €1 milliún)
- Críochnaíodh an obair agus cuireadh sruthanna ar malairt slí go dtí Fearais nua Cóireála Uisce i mBéal Átha Longfort agus Tairbeart (Luach: €2.7 milliún).
- Críochnaíodh uasghrádú ar Fhearais Chóireála Uisce Chill Gharbháin agus Baile an Ridire
- Críochnaíodh na doiciméid chonartha do Scéim Séarachais Ard Fearta (Luach: €3.0 milliún)
- Cheadaigh Uisce Éireann críochnú doiciméad conartha do Scéim Séarachais Chill Cuimín (Luach: €2.5 milliún)
- Cheadaigh Uisce Éireann críochnú doiciméad conartha do Scéim Séarachais Chaisleán na Mainge (Luach: €1.2 milliún)
- Cheadaigh Uisce Éireann críochnú doiciméad conartha do Scéim Séarachais An Fhianait (Luach: €2.8 milliún)

Mionscéimeanna:
I 2015, sheol Comhairle Contae Chiarraí 104 cás gnó (Comre Gá Sócmhainní) chuig Uisce Éireann ag lorg mionoibreacha uasghrádaithe ar áiseanna agus fuarthas breis is €10.15 milliún mar mhaoiniú ón gClár Mionoibreacha Feabhsúchán de chuid Uisce Éireann.

Fuair Comhairle Contae Chiarraí €1.85 milliún sa bhreis do shócmhainní 'teipithe nó ar tí a dteipthe' trí Chlár Cothabháil Srianta Caipiteal Uisce Éireann.

Scéimeanna Liosta Gníomh Feabhsúcháin (RAL)

I 2008, chuir An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitúil maoiniu ar fáil do Liosta Gníomh Feabhsúcháin do Sholáthar Uisce Inólta Poiblí aon áit a raibh cáilíocht an tsoláthar i mbaol. Tharla móroibreacha uasghrádaithe mar dhíghalrú, fearas aláram agus monatóireacht do gach scéim soláthar uisce poiblí sa chontae.

I dtús na bliana 2015, bhí coimisiúnú déanta ar 43 Fearas nua Cóireála Uisce faoin gClár RAL agus i rith na bliana:

- Tharla uasghrádú ar dhá Fhearas Cóireála Uisce in An Mhín Aird Puc agus Málainn.
- Tosaíodh ar uasghrádú ar sé Fhearas Cóireála Uisce in An Gleann, Baile an Sceilg, An Teampall Nua, Cathair Dónall, An Siopa Dubh agus Loch Cárthaí
- Oibríodh ar dhearthaí don uasghrádú ar Fearais Chóireála Uisce ag Stad an tSléibhe, An Neidín, Cill Garbháin agus An Láithreach.

Le linn 2015, bhain an EPA cúig scéim den liosta RAL: Ciarrai Láir; Cnoc an Mhóta (Baile an Mhuilinn Poll Gorm); Málainn, Cathair Saidhbhín; An Mhín Aird Puc Uimh. 1 agus An Mhuiríoch/Baile Breac.

Plean Corparáideach

Mí Márta 2015 ghlac Comhairle Contae Chiarraí le Plean Sealadach Corparáideach don tréimhse 2014 – 2019.

Deanfar athbhreithniú go foirmiúil ar an bPlean Sealadach Corparáideach i 2016 tar eis glacadh leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail.

Sa Phlean nua Corparáideach tá fís agus Tosaíochtaí lárnacha Corparáideacha do Chomhairle Contae Chiarraí don tréimhse 2014 - 2019.

Eascraíonn ár gCuspóirí Straitéiseacha ónár Ráiteas Misin agus mínítear ár bpríomhréimsí tosaíochta.

Agus ár Ráiteas Misin á chur i gcrích díreoimid ar dhá réimse lárnacha straitéiseacha:

- Cruthú Post agus Forbairt Eacnamaíoch Inmharthana
- Pobail Inmharthana agus Cáilíocht Bheatha